Foras na Gaeilge

**Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge**
**don bhliain 2009**

***Tionóladh Cruinnithe Boird ar na dátaí seo thíos:***


| ***Dáta*** | ***Leathanach*** |
|---|---|
| 30 Eanáir | *2* |
| 19 Feabhra | *10* |
| 20 Márta | *37* |
| 17 Aibreán | *43* |
| 15 Bealtaine | *46* |
| 24 Bealtaine | *49* |
| 19 Meitheamh | *51* |
| 16/17 Iúil | *64* |
| 18 Meán Fómhair | *72* |
| 16 Deireadh Fómhair | *78* |
| 20 Samhain | *86* |
| 18 Nollaig | *91* |

**Miontuairiscí ón 70ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 30 Eanáir 2009 san Óstán Alexander, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), C. Nic Pháidín, É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, S. Breathnach, L. Kennedy, Á. Andrews, L. Bhreatnach, P. Ó Biadha, A. Nic Chárthaigh, M. Nic Giolla Mhichíl agus D. Ó Béarra.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.

**Leithscéal:** N. Henry.

**01.70 MIONTUAIRISCÍ DEN 15 NOLLAIG 2008**
Ghlac an bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

**NITHE AG ÉIRÍ ASTU**
Ardaíodh ceist faoi phlean FD agus cuireadh in iúl go mbeadh sé ar fáil don chruinniú boird i mí Feabhra. Chuir an Cathaoirleach in iúl gur chóir amharc ar fheidhmiú an Bhoird ag tús gach bliain agus go raibh sé i gceist sin a dhéanamh ag cruinniú Feabhra. Chuir sé in iúl gurb é an cur chuige a bheadh ann ná: Ceistneoir a líonadh ag na Comhaltaí Boird bunaithe ar ról agus fheidhmiú an Bhoird, plé ina dhiaidh sin ag an Bhord ar fheidhmiú an Bhoird gan an feidhmeannas i láthair, agus ansin plé ar ról agus feidhmiú an Chathaoirligh gan an Cathaoirleach i láthair. Mhol sé gur chóir do na Coistí Boird ról agus feidhmiú s'acu a phlé chomh maith agus go dtabharfadh na Cathaoirligh tuairisc dó féin. Dúirt sé go raibh sé ag iarraidh ar an Phríomhfheidhmeannach aiseolas an fheidhmeannais ar ról agus feidhmiú na heagraíochta a chur ar fáil dó féin chomh maith.

**02.70 SEISIÚN OILIÚNA**
Thug A. Horan Stiúrthóir ar an Fhoras Riaracháin seisiún oiliúna ar rialachas corparáideach agus ról agus feidhmiú an Bhoird.

**03.70 CURSAÍ FOCLÓIREACHTA**
Glacadh leis an mholadh maidir le modh tuairiscithe don Fhoclóir Nua Béarla – Gaeilge. (Aguisín 1) Cuireadh in iúl gur ceadaíodh agus faomhadh an buiséad nua don Fhoclóir ag an CATT i mí Eanáir 2009 ar an tuiscint go dtiocfadh sé as an bhuiséad reatha.

**04.70 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA**
Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc ar an chruinniú a bhí ann ar 26 Eanáir. Chuir sé in iúl:

- Go bhfuarthas tuairisc ón Iniúchóir Inmheánach maidir le Clár na Leabhar Gaeilge agus go gcuirfí faoi bhráid an bhoird í ag an chruinniú i mí Feabhra,
- Go raibh sé fós ag fanacht ar aiseolas ó na Comhaltaí maidir leis an litir a scaip sé faoi choimhlint leasa,
- Gur pléadh leagan amach agus feidhmiú an Chlár Riosca, agus
- Gur scaipeadh cáipéis ón RCEF, inar léiríodh na socruithe a bhí curtha i bhfeidhm acu sa Roinn sin maidir le "Nochtadh Scéil", ar bhaill an Choiste

Iniúchta agus go raibh nóta eolais ón bhfeidhmeannnas ina leith le réiteach don chéad chruinniú eile den Choiste Iniúchta.

**05.70 TUAIRISC ÓN CHOISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA**

Chuir Cathaoirleach an Choiste Polasaí agus Pleanála in iúl go raibh siad ag ullmhú don chruinniú Boird i mí Feabhra agus go raibh siad ag díriú ar thosaíochtaí maoinithe agus aidhmeanna straitéiseacha an Fhorais. Chuir sí in iúl chomh maith go mbeadh dréachtpholasaithe réitithe ag an Choiste i réimsí éagsúla le plé ag an Bhord i mí Feabhra.

**06.70 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ**

Chuir Cathaoirleach an Choiste Nuachtán agus Irisí in iúl gur tháinig dhá iarratas isteach don scéim nuachtán seachtainiúil Gaeilge agus go raibh ceann amháin acu dícháilithe. Chuir sé in iúl go ndearnadh an rún a cuireadh chuig an Choiste ó Chruinniú Boird 15 Nollaig a phlé agus go raibh sé tite. Chuir sé in iúl leis go raibh taighde le déanamh ar na foilseacháin reatha atá á maoiniú ag an Fhoras. Chuir sé in iúl gur thug C. Ó Tórna cur i láthair don Choiste ar an nuachtlitir SAOL.

**07.70 LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN FHORAIS**

Thug T. Ní Longáin, ó MediaOne, cur i láthair ar láithreán gréasáin nua-dheartha an Fhorais. Bhí plé ann faoin dóigh le daoine óga a mhealladh chuig Láithreán Gréasáin an Fhorais. Aontaíodh go ndéanfadh an feidhmeannas tuairisc a chur le chéile ar straitéis idirlín Gaeilge don óige.

**08.70 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 NOLLAIG 2008**

Scaipeadh Ráiteas Caiteachais go deireadh 2008. Aontaíodh go gcuirfí an ráiteas caiteachais ar fáil ar leathanach A3 as seo amach. Ardaíodh ceist faoi chostais stórála leabhar An Gúm agus tuairiscíodh don chruinniú na céimeanna a bhí tógtha go dáta chun an costas a laghdú.

**09.70 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Tugadh suntas don nóta eolais maidir le hiarratas ar dheontais agus aontaíodh go n-ullmhófaí nóta eile ag léiriú eolas faoin chaiteachas ceadaithe de réir na dteoireannacha tairmligthe.

**10.70 MOLADH MAIDIR LEIS AN DARA CHÉIM DEN ATHBHREITHNIÚ AR NA hEAGRAIS BHUNMHAOINITHE**

**D'fhág E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, Á. Andrews agus M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú don mhír seo mar gheall ar bhaol coimhlint leasa**

Glacadh leis an mholadh agus tugadh cead don fheidhmeannas an conradh don dara cuid den athbhreithniú a shíniú nuair a bheadh an tuairisc eatramhach faighte de réir na dtéarmaí a bhí aontaithe.

Aontaíodh cuireadh a thabhairt do Mazars teacht chuig an cruinniú Déardaoin 19 Feabhra chun cur i láthair a dhéanamh.

**D'fhill E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, Á. Andrews agus M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo.**

**10.70 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur fhreastail an Cathaoirleach agus é féin ar chruinniú den CATT ar 16 Eanáir 2009 in Inis Ceithleann. Chuir sé in iúl:
Gur nótáladh plean gnó agus buiséad 2009 ach nár faomhadh ceachtar acu,
Gur nótáladh Cuntais agus Tuarascáil An Fhoras Teanga 2004, agus
Gur ceadaíodh trí phost don Cheanncáras faoi choinníollacha áirithe

Chuir sé in iúl gur líonadh na folúntais seo a leanas:
Oifigeach Aistriúcháin – Séamus Mac Conmidhe (Béal Feirste)
Oifigeach Foirne Oideachais – Óige agus Iarscoile – Ciarán Mac Giolla Bhéin (Béal Feirste)
Oifigeach Cléireachais – Sadhbh Ní Ógáin (Baile Átha Cliath)
Fáilteoir – Damhnait Ní Thuama (Baile Átha Cliath)
Téarmeolaí Cúnta (Conradh bliana) Tadhg Ó Bric (Baile Átha Cliath)

Chuir sé in iúl go raibh leachtú Cholmcille fós ar siúl ach gur chóir go mbeadh sé curtha i gcrích ag tús mhí an Mhárta.

Chuir sé in iúl chomh maith go mbeadh cruinniú den Fhoras Teanga ann Dé hAoine 20 Feabhra i ndiaidh chruinniú Boird Fhoras na Gaeilge.

**11.70 COMHFHREAGRAS**
Bhí plé faoin chomhfhreagras a bhí faighte ón Cheathrú Ghaeltachta maidir le cónascadh le Forbairt Feirste. Aontaíodh scríobh chucu le fáil amach faoin phlean maidir leis an chónascadh agus aon struchtúr a bheadh le moladh acu don eagraíocht nua.

**12.70 AON GHNÓ EILE**
Aontaíodh go dtabharfaí cuireadh don Aire Ó Cuív, TD, agus don Aire Campbell, FP, CTR, theacht chuig cruinniú Boird.

**Aguisín 1**

Ag an chruinniú Boird ar 15 Nollaig faomhadh moladh maidir leis an FNBG agus iarradh moladh a réiteach maidir le modh tuairiscithe.

Ag seo thíos tá teimpléad tuairiscithe agus moladh maidir leis an mhodh tuairiscithe chuig an Bhord.

Moltar:

1. Go leanfaidh an Coiste Foclóra mar a sheasann sé ar aghaidh go deireadh an tionscadail le Bord an Fhorais a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an tionscadail, faoi chúrsaí buiséid agus spriocanna an tionscadail. Chuige sin is gá tuairisc chuimsitheach (Féach teimpléad thíos) a chur ar fáil don Choiste seo ar bhonn ráithiúil ar gach gné den tionscadal, idir aimsiú spriocanna, chaiteachas, rioscaí aitheanta agus rioscaí nua, chúrsaí foirne.
2. Go gcuirfidh an Coiste tuairisc ráithiúil faoi bhráid an Bhoird bunaithe ar an tuairisc seo.
3. Go leanfar le Coiste Stiúrtha an Tionscadail ar a bhfuil ardbhainistíocht an Fhorais agus na feidhmeannaigh atá ag plé go díreach leis an tionscadal.
4. Go gcuirfear tuairisc mhíosúil, bunaithe ar an teimpléad tuairiscthe don Choiste, ar fáil don ardbhainistíocht maidir le sceideal, spriocanna agus buiséad.

**FNBG CÉIM 2 – TUAIRISC RÁITHIÚIL DON FHOCHOISTE BOIRD**

**DÁTA:**

## 1. ACHOIMRE

*Achoimre ghonta ar stádas reatha an tionscadail ina iomláine*
*---Bainistíocht (airgeadas, foireann, TF srl.)*
*---Bainistíocht na hEagarthóireachta*

## 2. GARSPRIOCANNA NA RÁITHE SEO CAITE

| | GARSPRIOC | DÁTA | STÁDAS | % | NÓTA TRÁCHTA |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | | |
| 2. | | | | | |
| 3. | | | | | |

## 3. SAINCHEISTEANNA

| | SAINCHEIST | TIONCHAR AR AN TIONSCADAL | GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA/NÓTA TRÁCHTA |
|---|---|---|---|
| 1. | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | | | |

## 4. RIOSCAÍ

| | RIOSCA | TIONCHAR AR AN TIONSCADAL | DÓCHÚ -LACHT | GNÍOMHAÍOCHT MHAOLAITHE MHOLTA/NÓTA TRÁCHTA |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |

## 5. CAITEACHAS

| | MÉID | NÓTA TRÁCHTA |
|---|---|---|
| Buiséad na bliana reatha: | 1,061,000 | |
| Iomlán carnach na bliana: | | |
| Caiteachas tuartha don ráithe: | | |
| Fíorchaiteachas le linn na ráithe: | | |
| Tearc caiteachas: | | |
| Caiteachas tuartha don chéad raithe eile: | | |
| Méid de bhuiséad na bliana fágtha: | | |

## 6. STÁDAS IOMLÁN AN TIONSCADAIL

| | CÉIM/GNÍOMHAÍOCHT | % CURTHA I GCRÍCH | NÓTA TRÁCHTA |
|---|---|---|---|
| 1. | Céim 2a – Na Creataí Iontrála | | |
| 2. | Céim 2b – an tAistriúchán: Iomlán<br>Inmheánach:<br>Seachtrach: | | |
| 3. | Léamh profaí: | | |
| 4. | Céim 2c – an Eagarthóireacht<br>Inmheánach<br>Seachtrach | | |
| 5. | Sonrúchán an Leagain Leictreonaigh | | |
| 6. | Céim 3 – Foilsiú | | |

## 7. GARSPRIOCANNA NA RÁITHE SEO CHUGAINN –TIONSCADAL AGUS BAINISTÍOCHT

| | GARSPRIOC/ | DÁTA | STÁDAS | FREAGRACH | NÓTA TRÁCHTA |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | | |
| 2. | | | | | |
| 3. | | | | | |

**Miontuairiscí ón 71ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Déardaoin 19 Feabhra san Óstán Europa, Béal Feirste agus Dé hAoine 20 Feabhra 2009 in Oifig Bhord na hUltaise, Béal Feirste.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), C. Nic Pháidín, É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, S. Breathnach, L. Kennedy, Á. Andrews, L. Bhreatnach, P. Ó Biadha, A. Nic Chárthaigh, M. Nic Giolla Mhichíl.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.

**Leithscéal:** D. Ó Béarra agus Norman Henry.

**01.71 CUR I LÁTHAIR Ó MAZARS – TUAIRISC EATRAMHACH AR AN ATHBHREITHNIÚ AR NA hEAGRAIS BHUNMHAOINITHE.**

Rinne Mazars cur i láthair ar an athbhreithniú go dtí seo agus dúirt go mbeadh an tuairisc dheiridh réidh i mí Aibreáin. Aontaíodh gurbh fhiú fanacht go dtí go mbeadh tuairisc dheiridh Mazars réidh, le caibidil san áireamh ag díriú ar an mhórphictiúr, le plé a dhéanamh ar an todhchaí maidir leis na heagrais ag an chruinniú i mí na Bealtaine.

**02.71 MOLTAI Ó CHOISTE NA nDEONTAS**

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| An Gaeláras | 0801538 | £234,857 |

Moladh deontas nach mó ná **£121,500** a chur ar fáil don Ghaeláras don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | 0801540 | £130,000 |

Moladh deontas nach mó ná **£91,763** a chur ar fáil do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid ceadaithe |
|---|---|---|
| Ollscoil na hÉireann, Má Nuad | 0801431 | €68,812 |

Moladh an phróifíl leasaithe seo a cheadú maidir leis an deontas don tionscadal 0801431 – Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

| **An dara próifíl** |
|---|
| 2008 – €25,100.71 |
| 2009 – €43,711.29 |

Ghlac an Bord leis na moltaí thuas

**D'fhág E. Mac Cormaic, M. Nic Giolla Mhichíl agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa. Ní raibh Á. Andrews i láthair ag an phointe seo.**

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Comhdháil Naisiúnta na Gaeilge | 0801474 | €974,635 |

Moladh deontas nach mó ná **€756,781** a chur ar fáil do Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge don bhliain 2009.

Ghlac an Bord leis an moladh seo.

Bhí plé ann faoi na moltaí ó Choiste na nDeontas maidir leis an Straitéis Maoinithe do Phríomhaidhmeanna Straitéiseacha Fhoras na Gaeilge 2009 – 2011. Glacadh leis an mholadh don bhliain 2009:

a. Nach líonfar aon fholúntas sna heagrais bhunmhaoinithe, idir fholúntais reatha agus fholúntais a thiocfaidh chun cinn as seo go deireadh 2009 ach amháin sa chás go mbeadh tionchar tubaisteach ar chur chun cinn aidhmeanna straitéiseacha an Fhorais mura líonfaí an post.
b. Go gcuirfear litir chuig na heagrais bhunmhaoinithe ag cur in iúl go bhfuil athscrúdú le déanamh ar an uasmhaoiniú a ceadaíodh dóibh do 2009, agus nach féidir glacadh leis go mbeidh an leibhéal céanna maoinithe acu amach anseo.

Aontaíodh go ndéanfaí na moltaí do na blianta 2010 & 2011 a phlé ag an chruinniú Boird i mí an Mhárta.

**D'fhill E. Mac Cormaic, M. Nic Giolla Mhichíl agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo.**

Aontaíodh go réiteodh an feidhmeannas páipéar maidir le líonadh folúntas san Fhoras féin.

**03.71 FOCAL.IE**

**D'fhág C. Nic Pháidín, M. Nic Giolla Mhichíl agus A. Nic Chárthaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.**

| Eagraíocht | Cuntas ainmniúil | Méid ceadaithe ag cruinniú Boird dar dáta 1/2 Samhain 2007 |
|---|---|---|
| Fiontar, DCU | 6201011 | €1,037,167.00 |

Ghlac an Bord leis an moladh go gceadófaí suim breise nach mó ná **€3,462** don chonradh le Fiontar, DCU, mar gheall ar an athrú sa ráta CBL.

| | **Ceadaithe - 02/11/2007 €** | **Moladh - 20/02/2009 €** | **Breis €** |
|---|---|---|---|
| Conradh | 857,163 | 857,163 | |
| CBL @21% | 180,004 | 34,603 | |
| CBL @21.5% | 0 | 148,863 | |
| **Iomlán** | **1,037,167.00** | **1,040,629.00** | **3,462.00** |

**D'fhill C. Nic Pháidín, M. Nic Giolla Mhichíl agus A. Nic Chárthaigh ag an phointe seo.**

## 04.71 FEIDHMIÚ AGUS RÓL AN BHOIRD

Bhí seisiún iata gan an feidhmeannas i láthair ag na comhaltaí le feidhmiú an bhoird le linn 2008 a phlé.

## 05.71 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Aontaíodh go ndéanfaí na miontuairiscí 07.70 a leasú tríd an abairt deiridh a athrú 'I ndiaidh plé ar mholadh go labharfadh MediaOne le focasghrúpa daoine óga sula seolfaí an suíomh aontaíodh go ndéanfadh an feidhmeannas tuairisc a chur le chéile ar straitéis idirlín don óige.'

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

## 06.71 TUAIRISC / MOLTAÍ ÓN CHOISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA

1. Polasaí Tumoideachais. (Aguisín 1)
Ghlac an Bord leis an pholasaí seo.

2. Moladh maidir le ceapadh comhaltaí ar choistí Boird.
Bhí plé faoin mholadh maidir le roghnú comhaltaí ar choistí agus aontaíodh go ndéanfaí an fhoclaíocht a leasú agus a chur faoi bhráid an Bhoird.

3. Polasaithe maidir le Teicneolaíocht na Faisnéise, Inimirce & Éagsúlacht agus Óige.
Cuireadh plé ar na míreanna seo siar go dtí go mbeadh plé déanta ar na haidhmeanna straitéiseacha.

4. Aidhmeanna Straitéiseacha.
Scaipeadh cáipeis ina raibh áiliniú déanta idir scéimeanna Fhoras na Gaeilge agus a phríomhaidhmeanna straitéiseacha. Aontaíodh go ndéanfadh an feidhmeannas tábla a ullmhú a chuimseodh príomhaidhmeanna, fó-aidhmeanna, obair reatha an Fhorais agus moltaí ón fheidhmeannais maidir le tosaíochtaí.

## 07.71 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ

Scéim Nuachtán Seachtainiúil.
Chuir Cathaoirleach an Choiste Nuachtán agus Irisí in iúl go raibh cruinniú le bheith ann leis an iarrthóir incháilithe go luath leis na pleananna acu a phlé. Bhí an Coiste ag súil go mbeadh moladh faoi bhráid an Bhoird i Mí an Mhárta.

Aontaíodh go dtabharfaí síneadh ama do Móinéar Teo chun Foinse a fhoilsiú go dtí deireadh mhí na Bealtaine.

## 08.71 PLEAN CUMARSÁIDE

Bhí plé ann faoin ghné den phlean cumarsáide 2009 'Teacht le Chéile' agus aontaíodh an gné sin a chur i gcrích thar tréimhse dhá bhliain.

## 09.71 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

Gur tógadh an cheist faoin ráta malairte £ / € le DCAL agus go bhfuil DCAL fós á plé.
Go raibh i gceist ag an RGPTG maoiniú breise caipitil a chur ar fáil don Ghaeláras trí Fhoras na Gaeilge.
Gur aistríodh trí eagras bunmhaoinithe (Comhluadar, Gael-Linn agus Cumann na bhFiann) ón Stiúrthóireacht Seirbhísí Forbartha go dtí an Stiúrthóireacht Seirbhísí Oideachais.
Nach raibh an Cheathrú Ghaeltachta ag iarraidh dul ar aghaidh leis an chónascadh le Forbairt Feirste ag an phointe seo.
Go mbeadh an tAire Ó Cuív ag freastal ar an chruinniú Boird ar 19 Meitheamh.
Go raibh cuntais comhdhlúite an Fhoras Teanga 2005 seolta chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an NIAO.
Go raibh ollchruinniú ag na heagrais bhunmhaoinithe ar 5 Feabhra chun comhoibriú a phlé.
Go raibh leachtú Cholmcille fós ar siúl agus go raibh gá leis an choiste a d'fhaomh an Bord ar 14 Samhain a ainmniú. Aontaíodh gurb iad E. Mac Cormaic, É. Kinch agus A. Nic Chárthaigh baill an choiste seo.

## 10.71 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 NOLLAIG 2008

Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais go 31 Nollaig 2008.

Scaipeadh liosta den chaiteachas de réir Stiúrthóireachta ar scéimeanna maoinithe a íocadh le linn 2008.
Aontaíodh go lorgófaí tairiscintí maidir le stóráil leabhar an Ghúim.

## 11.71 COMHFHREAGRAS

Tá faisnéis faoi ionadaithe thar ceann Fhoras na Gaeilge fágtha gan nochtadh anseo de bhaol canbhasála.

## 12.71 AON GHNÓ EILE

Scaipeadh cóip de thuairisc an Iniúchóra Inmheánaigh ar Chlár na Leabhar Gaeilge ar na comhaltaí.
Scaipeadh liosta de na mórimeachtaí go dtí an Cháisc.

**Aguisín 1**

# An Tumoideachas i gcomhthéacs na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta

## Comhpholasaí an Ghrúpa Stiúrtha ar Pholasaí Tumoideachais (GSPT)

### Comhthéacs

### A. Cúlra an GSPT

1. Bunaíodh an GSPT i Meán Fómhair 2006 le polasaí tumoideachais a aontú idir na heagraíochtaí rannpháirteacha. An sprioc a d'aontaigh an grúpa don obair seo ag an am ná go mbeadh dréachtpholasaí aontaithe ag an ngrúpa faoi Mheán Fómhair 2008.
2. Aithníodh an géarghá a bhí lena leithéid de pholasaí, go háirithe sna comhthéacsanna seo:
    a. Athbhreithniú na CNCM (An Chomhairle Náisiúnta Measúnachta is Curaclaim) ar cheist na litearthachta ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán teagaisc. Bhí sin faoi lán seoil nuair a bunaíodh an grúpa. Ó shin i leith, eisíodh an ciorclán 0044/2007. Rinne sé seo práinn an pholasaí a aontú a ghéarú go mór.
    b. Athbhreithniú ar an nGaelscolaíocht ó
    c. Anuas orthu seo ar fad, tá na heagraíochtaí rannpháirteacha ag feidhmiú ar oileán na hÉireann le glúin anuas nó mar sin, agus aontaíodh go mb'fhearr i bhfad dá mbeadh guth comhaontaithe uile-oileánda eatarthu ar an ábhar seo.

### B. Seimineár ar an tumoideachas, 28 Aibreán 2008

1. Le cabhrú leo an polasaí a fhorbairt, agus comhairle agus eolas a bhailiú dá réir, shocraigh an GSPT go dtabharfaí cuireadh do shaineolaithe aitheanta ar oileán na hÉireann agus as an mBreatain Bheag le ceisteanna a bhain le clár an pholasaí a phlé.
2. Is iad na saineolaithe a d'fhreastail ar an seimineár ná:

1. An Dr.Gabrielle Nig Uidhir, Coláiste Ollscoile Naomh Muire
2. Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Phádraig
3. Helen Ó Murchú
4. Dónal Ó hAiniféin, Príomhoide, Gaelscoil Mhíchíl Uí Chíosóig
5. Philip Sheerin, CCEA
6. Muireann Ní Mhóráin, Príomhfheidhmeannach, COGG
7. Áine Andrews, Cathaoirleach, Altram
8. Máire Ní Bhaoill, Coláiste Phádraig
9. Treasa Ní Ailpín
10. Meirion Prys-Jones, Príomhfheidhmeannach, Bord na Breatanaise

11. Pádraig Ó Laighin, COBÁC
12. Treasa Ní Mhainnín, Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta
13. Deirbhile Nic Craith, CMÉ
14. Aodán Mac Póilín, Iontaobhas Ultach
15. Dr. Tina Hickey, COBÁC
16. Hywel Jones, Mudiad Ysgolion Meithrin, Eagras na Réamhscolaíochta Breatnaise
17. Máire Uí Dhufaigh, Comhordaitheoir, Séideán Sí
18. Máire Uí Bhriain, Cathaoirleach, Na Naíonraí Gaelacha
19. Pilib Mistéil, Príomhoide, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh

Thar ceann na n-eagraíochtaí rannpháirteacha sa GSPT, d'fhreastail na daoine seo a leanas:

20. Ferdie Mac an Fhailigh, Príomhfheidhmeannach, Foras na Gaeilge
21. Tomás Ó Ruairc, Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais, Foras na Gaeilge
22. Bláthnaid Ní Ghréacháin, Ardfheidhmeannach, Gaelscoileanna Teo.
23. Clíona Frost, Príomhoifigeach, Forbairt Naíonraí Teo.
24. Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach, Comhairle na Gaelscolaíochta
25. Dónall Ó Conaill, Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo.
26. Pól Mac Fheidhlimidh, Bainisteoir, An tÁisaonad
27. Anna Davitt, Stiúrthóir, Comhar na Múinteoirí Gaeilge

3. Le plé an tseimineáir a chothú agus a éascú, cuireadh roinnt cáipéisí taighde ar fáil do na rannpháirtithe roimh ré:
    a. "Young People and Minority Languages: Language use outside the classroom" le Pádraig Ó Riagáin, Glyn Williams, F. Xavier Vila i Moreno (Centre for Language and Communication Studies, Trinity College, Dublin, 2007) [Leagan dátheangach]
    b. "An Tumoideachas / Immersion Education" leis an Dr. Eoghan Mac Éinrí
    c. "Immersion Education: An Overview of Theory, Research and Practice" leis an Dr. Eoghan Mac Éinrí, Scoil an Oideachais, QUB (Márta 2007)
    d. "IMMERSION IN A SECOND OR ADDITIONAL LANGUAGE AT SCHOOL: A REVIEW OF THE INTERNATIONAL RESEARCH - - SUMMARY" le Richard Johnstone, Scottish CILT (www.scilt.stir.ac.uk) (Eanáir 2002)

# An Tumoideachas i gcomhthéacs na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta

**Comhpholasaí an Ghrúpa Stiúrtha ar Pholasaí Tumoideachais (GSPT)**

Doiciméad polasaí é seo a réitíodh mar thoradh ar idirphlé i measc na n-eagraíochtaí éagsúla atá sa GSPT, idir Dheisceart agus Thuaisceart Éireann. Tá sé bunaithe ar obair an GSPT agus ar mholtaí a tháinig chun tosaigh ag seimineár a d'eagraigh an Grúpa san Óstán Clarion, Gleann na Life, Dé Luain, 28 Aibreán 2008.

Glacann an heagraíochtaí seo a leanas páirt sa GSPT (Breathnaigh ar aguisín 1):

- Foras na Gaeilge – Tomás Ó Ruairc, Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais
- Altram – Aisling Uí Dhughaill, Bainisteoir
- An tÁisaonad – Pól Mac Fheilimidh, Bainisteoir
- Forbairt Naíonraí Teoranta – Clíona Frost, Príomhoifigeach
- Gaelscoileanna Teoranta – Bláthnaid Ní Ghréacháin, Ardfheidhmeannach
- Comhairle na Gaelscolaíochta – Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach
- Comhar na Múinteoirí Gaeilge – Anna Davitt, Stiúrthóir
- An Foras Patrúnachta – Dónall Ó Conaill, Stiúrthóir
- Roinn Oideachais (Tuaisceart Éireann) – Joe Labhraí, Cigire
- Boird Oideachais agus Leabharlainne – Seán Mac Corraidh

**Sainmhíniú ar thumoideachas**

**Is éard is tumoideachas ann ná oideachas, ina iomláine nó i bpáirt , trí mheán na spriocteanga. Ar mhaithe leis an bpolasaí seo, is éard is spriocteanga ann ná an Ghaeilge.**

Tá an sainmhíniú seo bunaithe ar léamh an GSPT ar a bhfuil déanta go dáta maidir le taighde ar an tumoideachas, ina measc Baker, C. Agus Prys Jones, S., (1998), agus Cummins, J (1999).

Spriocanna an chomhpholasaí

1. Polasaí na n-eagras rannpháirteach ar an tumoideachas Gaeilge a leagan amach i scríbhinn.
2. Go ngabhfadh an polasaí seo i bhfeidhm ar na húdaráis oideachais, thuaidh agus theas, ar mhaithe le freastal ar an gcaighdeán is airde ar an tumoideachas Gaeilge a chinntiú.
3. Go dtreoródh an comhpholasaí seo beartais na n-údarás oideachais ar an tumoideachas Gaeilge as seo amach.
4. Feasacht agus tuiscint an mhórphobail ar choincheap agus ar luachanna an tumoideachais Ghaeilge a ardú agus a fheabhsú.

Ráiteas misin

Sároideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil, le córas céimiúil maidir le sealbhú na Gaeilge, bunaithe ar oideachas múinteoirí den scoth ar gach leibhéal maidir le sealbhú teangacha, agus córas ceart tacaíochta.

## 1. Aidhmeanna agus torthaí

### a. Bunaidhmeanna an tumoideachais Ghaeilge

i. Tá sé mar bhunaidhm ag an tumoideachas Gaeilge ardchaighdeán oideachais trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil ón réamhscolaíocht go dtí an tríú leibhéal. Is ionann sa mhéid sin aidhmeanna an tumoideachais Ghaeilge agus aidhmeanna an oideachais i gcoitinne maidir le sóisialú, seachadadh cultúir agus curaclaim. Féachann an tumoideachas chuige go sroichfidh gach foghlaimeoir an leibhéal is airde is féidir i bhforbairt teangeolaíoch, chognaíoch, mhothúchánach agus shóisialta agus i sealbhú na Gaeilge. (féach Baker, C. agus Prys Jones, S.,1998; Cummins, J., 1999)

b. **Aidhmeanna Eile**

**Is aidhm í de chuid an tumoideachais Ghaeilge:**

i. Go n-aithneofaí sa tumoideachas Gaeilge ról lárnach na Gaeilge i gcultúr agus i bhféiniúlacht phobail uile an oileáin seo agus go saibhreodh sé an páiste dá réir.

ii. Go mbainfidh sé leas iomlán as cumas an fhoghlaimeora teangacha a shealbhú – tréith ar leith a bhíonn ag páistí ón gcliabhán ar aghaidh, go seacht mbliana d'aois ach go háirithe.

iii. Go dtacóidh an tumoideachas Gaeilge le dátheangeachas suimíoch agus le déliteartacht. (Bamford,K. Agus Mizokawa, D. 1991).
iv. Go dtacóidh sé go suntasach le sprioc teanga an Aontais Eorpaigh a bhaint amach - dhá theanga a bheith ag gach saoránach Eorpach de bhreis ar a mháthair-theanga.
v. Go dtacóidh sé le forbairt úsáid na Gaeilge in Éirinn.
vi. Go mbeidh méadú dá bharr ar líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge go rialta ina saol.
vii. Go gcuirfidh sé tacaíocht ar fáil d'fhorbairt pobal Gaeilge.

c. **Torthaí ar féidir bheith ag súil leo**
   i. Ard-chumas gníomhach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. (Harley, B.,1984; Henry, A. et al, 2002; Horgan, S. E. ,1995)
   ii. Forbairt theangeolaíoch an fhoghlaimeora a bheith curtha chun cinn ar chaoi a gcuirfeadh lena fheasacht meititheangeolaíoch.
   iii. Tuiscint ar shaoithiúlacht na Gaeilge agus ar a háit lárnach i saol cultúrtha na hÉireann agus i saol cultúrtha an domhain a thabhairt don fhoghlaimeoir; agus
   iv. Brath a bheith ag an bhfoghlaimeoir ar shaol níos leithne, ar theangacha agus ar chultúir eile agus oscailt aigne ar an saol i gcoitinne. (Johnson, K. and Swain, M. ,1997)
   v. Gach gné den oideachas atá ar fáil trí mheán an Bhéarla, idir churaclam agus eispéireas foghlama an fhoghlaimeora, móide sealbhú na sprioctheanga.

d. **Deiseanna forbartha atá ann don Tumoideachas Gaeilge**
   i. An bá don ghaelscolaíocht i measc an phobail i gcoitinne – ba cheart seo a chothú agus tuiscint agus feasacht níos airde ar fhís an Tumoideachais Ghaeilge a fhorbairt dá réir;
   ii. Fís oideachasúil uile-oileánda a fhorbairt – fís a bheidh fréamhaithe sa dúchas ach a bheidh oscailte agus uileghabhálach ag an am céanna. Is

féidir go gcuirfí seo chun cinn tríd na struchtúir agus tríd an chomhoibriú thuaidh-theas.

iii. An fhorbairt agus an borradh atá tagtha ar líonra na ngaelscoileanna, thuaidh agus theas, - cuirfidh sé seo dlús le deiseanna úsáide sa Ghaeilge don mhórphobal.

iv. An luath-thumoideachas iomlán a bheith aitheanta ag an dá Roinn Oideachais mar an múnla is éifeachtaí tumoideachais i dtaca le sealbhú na Gaeilge de. (Johnstone et al, 1999).

**2. Múnlaí Tumoideachais**

**a. Múnlaí**

**Is éard is múnla ann ná an chreat oideolaíoch as a roghnaítear modhanna cuí múinteoireachta ó am go ham le clár comhaontaithe oideachais a chur i bhfeidhm. Áirítear anseo spriocanna an oideachais seo, na luachanna faoina roghnaítear na spriocanna seo, agus an cur chuige a roghnaítear dá réir.**

i. Luath-thumoideachas iomlán an cur chuige is fearr go háirithe maidir le sealbhú na spriocthéanga. Is éard atá i gceist leis an luath-thumoideachas iomlán ná cur chuige ina dtumtar an dalta sa spriocthéanga ón tús ar feadh tréimhse sonrach chun go sealbhódh sé/sí tairseach leibhéal teanga lena dtig leis/léi dul i ngleic go feidhmiúil leis an gcuraclam trí mheán na Gaeilge.

ii. Tá ról ar leith ag na naíonraí sa luath-thumoideachas iomlán .i. céad chéimeanna i sealbhú na Gaeilge a dhaingniú ag an aois is réidhe a shealbhaíonn páistí teanga, agus, dá réir, ba chóir gach tacaíocht a chur ar fáil le cinntiú go mbeidh ardchaighdeán tumoideachais ar fáil iontu. (An Comhchoiste Réamhscolaíochta, 1985; Andrews, 2006; Goncz, L. agus Kodzopeljic, J. (1991)).

iii. Aithnítear gur tumoideachas déanach a chaithfidh a bheith ann i gcás foghlaimeoirí áirithe nár éirigh leo tosú sa chóras tumoideachais go han-óg. Ba chóir tacaíocht chuí, dianchúrsaí Gaeilge san áireamh, a sholáthar dá leithéidí i dtreo is gur féidir leo tairseach chumais a bhaint amach go gasta agus lán-tairbhe a bhaint as an tumoideachas as sin amach. (Carleton Board of Education, 1996)

b. **Tacaíocht do na Múnlaí éagsúla**

i. I gcásanna nach bhfuil an luath-thumoideachas iomlán á chleachtadh, nó nach bhfuil sé d'acmhainn ag scoil an tumoideachas iomlán a thairiscint, moltar déileáil leis na cásanna sin le cur chuige samhlaíoch, comhtháite.
ii. Moltar go gcuirfí gach tacaíocht ar fáil le forbairt a dhéanamh ar mhúnlaí eile tumoideachais m.sh. páirt-tumoideachas, meántumoideachas agus tumadh déanach i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán (Cf taighde Harris et al).
iii. Moltar go ndéanfaí treoirlínte ar chleachtas luath-thumoideachais iomláin a fhorbairt mar áis phraiticiúil do chleachtóirí.

c. **Deiseanna arbh fhéidir a thapú idir an tumoideachas agus múineadh na Gaeilge**

i. Scileanna agus straitéisí foghlamtha agus modheolaíochta a roinnt ar a chéile ar bhealach níos eagraithe ná anois. (Mac Corraidh, 2008)
ii. Cúrsaí ar leith a eagrú chun cumas Gaeilge cleachtóirí tumoideachais a ardú.
iii. Modheolaíocht CLIL (Content and Language Integrated Learning) a fhorbairt i múineadh na Gaeilge.

d. **An Leanúnachas ó Leibhéal go Leibhéal a chinntiú**

i. Ba chóir go mbeadh leanúnachas ceart ann, idir sholáthar oideachais agus eispéaras foghlama, ón réamhscolaíocht go dtí an bhunscolaíocht agus ón mbunscolaíocht go dtí an iarbhunscolaíocht. (Hickey, T.,1997)
ii. Tá gá le leanúnachas sa chaidreamh idir an baile agus na leibhéil éagsúla scolaíochta, ar a n-áirítear tacaíocht teanga, i dtreo is go mbeidh an tumoideachas Gaeilge comhtháite ó thús go deireadh.

3. **Dea-chleachtas i dtaobh an tumoideachais**

Luath-thumoideachas iomlán an cur chuige is fearr go háirithe maidir le sealbhú na sprioctheanga.

a. **Teanga Shóisialta agus Teanga Acadúil an fhoghlaimeora**

i. Cé go dtagann foghlaimeoirí ar an ngnáthbhealach isteach ar theanga shóisialta go nádúrtha, go céimiúil agus go forásach, tá ról lárnach ag an tumoideachas Gaeilge i bhforbairt theanga shóisialta an fhoghlaimeora cé go bhfuil ról an-tábhachtach ag an teaghlach. [ m.sh. Cf "Ár bPolasaí Gaeilge", Gaelscoileanna Teo., 2005:
   1. Amhránaíocht le hathrá, mar shampla, amhrán a dhéanamh as abairtí simplí.
   2. Rudaí a chur i bhfolach agus iad a aimsiú.
   3. Nuacht phearsanta mar scéal
   4. Ról-aisteoireacht
   5. An-bhéim ar am tosaithe/am sosa/am lóin/am dul abhaile.]

ii. Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil cláir thumoideachais fíoréifeachtach ag forbairt teanga acadúil daltaí, agus nach bhfuil siad chomh maith sin ag forbairt teanga shóisialta daltaí. Mar sin, ó thaobh an deachleachtais sa tumoideachas, tá ról lárnach ag múinteoirí fócas a chur ar theanga shóisialta daltaí chomh maith le teanga acadúil. (Stein, M., 1999 Lgh 1-8)

iii. Tá forbairt phearsanta mar chuid lárnach den tumoideachas agus chuige sin tá gá ann na feidhmeanna teanga a fhreagraíonn di a mhúineadh.
(Cf "Ár bPolasaí Gaeilge", Gaelscoileanna Teo, 2005, go háirithe leathanaigh 10-14)

b. **An Tumoideachas Gaeilge agus an Teaghlach - moltaí**

   i. Aithnítear ról lárnach an teaghlaigh i seachadadh nádúrtha teanga ar bith ó ghlúin go glúin. Moltar don ghaelscoil feidhmiú mar is gnách i ndlúthchomhar le tuismitheoirí/caomhnóirí na bpáistí. Dlúthchuid den phobal scoile iad na páistí, a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí, na múinteoirí agus lucht bainistíochta agus tacaíochta na scoile. (féach Baker, 1995; Harding, E. and Riley, P. ,1986)
   ii. Tá sé inmholta go dtosófar ar shealbhú na sprioctheanga chomh hóg agus is féidir agus an teaghlach a bheith rannpháirteach sa phróiseas.
   iii. Moltar sainréim shóisialta na Gaeilge a bheith iata isteach i gcuraclam na n-iarbhunscoileanna ach go háirithe.

iv. Moltar don ghaelscoil gach deis a thapú chun go bhféadfadh na páistí an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den scoil. Tá ról lárnach ar leith ag Comhluadar, ag ógeagraíochtaí Gaeilge agus ag coláistí samhraidh Gaeltachta, i gcomhpháirt leis na heagrais eile, anseo.

**c. Dúshláin agus Deiseanna taobh amuigh den seomra ranga/naíonra**

i. Ba cheart don tumoideachas Gaeilge féachaint le teanga shóisialta an fhoghlaimeora a fhorbairt sa tslí is gur féidir leis/léi an Ghaeilge a úsáid gan stró ina ghnáthshaol teaghlaigh agus lasmuigh de. Ní mór líonraí pobail a bhunú mórthimpeall ar scoileanna chun imeachtaí a reáchtáil a thabharfadh deiseanna úsáide do dhaltaí.

ii. Moltar go dtabharfaidh na hÚdaráis Sláinte agus Oideachais an t-aitheantas cuí do riachtanais an tumoideachais, pobal na scoile san áireamh. Áirítear anseo seachadadh seirbhísí (m.sh. síceolaíocht, cláracha teiripe urlabhra is teanga) agus forbairt polasaithe. (Downs-Reid, D. ,1997)

iii. Moltar go gcuirfear na buanna agus na buntáistí a bhaineann le luath-thumoideachas a chur os comhair an phobail ar bhealach réadúil, eolaíoch, dearfach;

iv. Moltar modúl a bheith ar fáil san idirbhliain chun scileanna a bhaineann le reáchtáil cluichí trí Ghaeilge a fhorbairt, agus d'fhéadfaí deiseanna den chineál seo a thapú sa chóras oideachais ó thuaidh chomh maith. Bheadh mic léinn sinsearacha le scileanna dá sórt ina n-acmhainn luachmhar don chóras tumoideachais agus don chóras oideachais i gcoitinne.

v. Moltar go n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le forbairt scoilphobail in eispéireas foghlama an dalta sa chóras tumoideachais.

vi. Moltar deiseanna fóillíochta agus súgartha trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga a fhaigheann a gcuid oideachais trí Ghaeilge.

    1. Is den riachtanas é go mbeadh an soláthar óige trí Ghaeilge ar ardchaighdeán. Chuige sin, ba cheart go mbeadh spreagadh ann do dhaoine óga cáilíocht óige a bhaint amach ag leibhéal céime.
    2. Ba cheart go mbeadh an bhéim ar úsáid na teanga i measc na hóige sna himeachtaí

seo. I measc na n-imeachtaí atá ag teastáil tá:

a. Na healaíona cruthaitheacha;
b. Clubanna iarscoile;
c. Campaí samhraidh;
d. Nascanna a chothú idir scoileanna Gaeltachta agus gaelscoileanna lasmuigh di;
e. Cúrsaí oiliúna spóirt i gcomhar leis na Cumainn agus leis na hÚdaráis éagsúla spóirt.
f. Comórtais amhránaíochta agus díospóireachta

d. **Tábhacht atá le hoilteacht Gaeilge na foirne**

Ba chóir go mbeadh fáil ag foireann uile na Gaelscolaíochta ar threoir praicticiúil bunaithe ar thaighde i dtaobh saincheisteanna tumoideachais, mar shampla foilseachán an Dr S Mac Corraidh **Gearrchosáin Foghlama agus Teagaisc sa Ghaelscolaíocht ; Bitesize advice on learning and teaching in Irish Medium Education.**

i. I gcás gaelscoile táthar ag brath go hiomlán nach mór ar ardchaighdeán Gaeilge a bheith ag an bhfoireann ina n-iomláine. (Harley, B. and Swain, M.,1984)
ii. Ba chóir go mbeadh deis ag foireann teagaisc na scoile tréimhsí a chaitheamh sa Ghaeltacht go rialta ina saol gairmiúil, tréimhsí teagaisc san áireamh.
iii. Ba cheart go mbeadh inseirbhís ar an tumoideachas ar fáil go rialta le cinntiú go dtig le múinteoirí a gcúraimí gairmiúla a chomhlíonadh go héifeachtach. (Cf "Ár bPolasaí Gaeilge", Gaelscoileanna Teo, 2005, lgh 20-21)
iv. Ba chóir go mbeadh cúrsaí oiliúna sa Ghaeilge ar fáil d'fhoirne riaracháin na ngaelscoileanna m.sh. do rúnaithe scoile. Knipe, D., et al. (2004)

e. **Straitéisí eile Foghlama**

i. Féin-cheartú a chothú is a spreagadh.
ii. Foghlaim chomhfhiosach a scrúdú is a thástáil.
iii. Béim an-mhór ar labhairt chruinn na teanga. (Clipperton, R.,1994; Curtain, H. 1997; Hammerly, H. 1991)

iv. Teagmháil le cainteoirí dúchais e.g. bailiú scéalta agus seanchais sa Ghaeltacht.

**4. An Bealach Romhainn – Fíorú na físe**

**Ráiteas misin: Sároideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí, le córas céimiúil maidir le sealbhú na Gaeilge, bunaithe ar oideachas múinteoirí den scoth ar gach leibhéal maidir le sealbhú teangacha, agus córas ceart tacaíochta is forbartha.**

a. Tá gá le comhrá leanúnach idir an Stát agus lucht an tumoideachais Ghaeilge faoi riachtanais agus faoi spriocanna an tumoideachais. Pléitear na múnlaí tumoideachais, cóiríocht, oiliúint mhúinteoirí, acraí teagaisc srl. agus pleanáiltear dá réir.
b. Ba chóir do na Ranna Oideachais an soláthar gaelscolaíochta a chur san áireamh ó thús na réamhphleanála soláthair. Tá sé de cheart ag tuismitheoirí teacht éasca a bheith acu ar an ngaelscolaíocht.
c. Moltar go mbunófaí rannóg ar leith laistigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta a bheadh ag plé leis an ngaelscolaíocht.
d. Ba chóir scagadh a dhéanamh ar chláir oideachais an Aontais Eorpaigh (e.g. Comenius) féachaint arbh fhéidir leas a bhaint astu chun sainscileanna agus taithí sa tumoideachas a roinnt le pobail eile a labhraíonn teangacha neamhfhorleathana.
e. Moltar cúram ar leith a dhéanamh de scoileanna na Gaeltachta agus dá sainriachtanais.
f. Ba chóir go mbeadh deis ag gach dalta tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht faoi scéim na gColáistí Samhraidh nó eile.
g. Moltar go n-aithneodh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an tumoideachas mar choincheap agus an córas gaelscolaíochta mar chóras atá ag cleachtadh an tumoideachais.
h. Cur chuige Trasteorann

Aithnítear go forleathan anois na deiseanna atá ar fáil don tumoideachas ar oileán na hÉireann trí idirphlé le páirtithe leasmhara ar bhonn thuaidh / theas agus thoir / thiar ar aon. Tugtar faoi deara a bhfuil le rá ag an Athbhreithniú ar Ghaelscolaíocht : Tuarascáil (Deireadh Fómhair, 2008), foilsithe ag an Roinn Oideachais, ar an ábhar seo, go háirithe sa sliocht seo a leanas:

*Ba chóir deiseanna forbartha agus malartáin a fhorbairt, ar bhonn uile Éireann agus thoir/thiar. (xvii)*

i. Scéim mhalartaithe múinteoirí a cheapadh.
ii. Acmhainní agus saineolas a roinnt is a mhalartú idir oideachasóirí ag gach leibhéal agus i ngach eagraíocht .i. Na Ranna Oideachais, CNCM, CCEA, UOS (ESA), múinteoirí srl., go háirithe sna réimsí TFC (Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide) agus riachtanais speisialta.
iii. Moltar pairtnéireacht níos dlúithe idir institiúidí tríú leibhéal atá ag plé leis na córais ghaelscolaíochta thuaidh agus theas, na coláistí oideachais san áireamh. I measc na bhféidearthachtaí anseo, bheadh clár uile-oileánda tumoideachais do na hinstitiúidí sin.
iv. Suíomh idirlín agus/nó leathanaigh ghréasáin a fhorbairt, mar áis mhalairte eolais agus taithí, don tumoideachas Gaeilge. Is féidir go mbeadh treoir ar áiseanna don tumoideachas ann chomh maith.
v. Soláthar acmhainní is áiseanna ar an gcaighdeán is airde le freastal láithreach ar na riachtanais ar leith atá ann ag gach leibhéal.
vi. Moltar go ndéanfadh na Ranna Oideachais na féidearthachtaí a bhainfeadh le forbairt bhreise ar an soláthar don Ghaelscolaíocht ar bhonn uile-oileánda a fhiosrú m.sh. oiliúint, taighde srl.
vii. Eolas agus taithí a roinnt le pobail teanga eile – go háirithe Gaeil na hAlban agus na Breatnaigh. D'fhéadfaí é seo a chur chun cinn trí Chomhairle na Breataine is na hÉireann (British-Irish Council).

i. Fiúntas na Gaelscolaíochta a chur os comhair an Phobail
    i. Gné lárnach d'fhiúntas na Gaelscolaíochta a chur os comhair an phobail is ea go dtuigfeadh an pobal an chaoi a bhfuil gach gné den oideachas atá ar fáil trí mheán an Bhéarla, idir churaclam agus eispéaras foghlama an fhoghlaimeora, móide sealbhú na sprioctheanga ar fáil tríd an gcóras sin.
    ii. Tá gá leis an ghaelscolaíocht a chur os comhair an phobail mar chineál oideachais atá todhchaíoch, uathúil ach an-Eorpach ag an am céanna. (Cummins, J.,1977; Genesee, F. 1976)
    iii. Tá gá le hábhar breise eolais is bolscaireachta faoin tumoideachas.
    iv. Tá gá ceannródaithe a aithint agus lánúsáid a bhaint as a gcuid tallann le buntáistí an

tumoideachais a chur os comhair an phobail m.sh. tuismitheoirí, daltaí, daoine cáiliúla.

j. Riachtanais Oiliúna
    i. Is gá na riachtanais a aithint agus dul i mbun pleanála chun freastal orthu. Tá ról lárnach ag na húdaráis oideachais thuaidh is theas san obair seo.
    ii. Ba cheart cáilíocht aitheanta uile-oileánda a bheith ann do Stiúrthóirí Naíonraí.
    iii. Ba cheart oiliúint ar leith, agus aitheantas dá réir, a sholáthar ag gach leibhéal, fochéim, iarchéim agus inseirbhís d'ábhair mhúinteoirí a bheidh ag múineadh i ngaelscoileanna. (Bernhardt, E. and Schrier, L. ,1992)
    iv. Is gá Ionad Acmhainní ags Tacaíochta Baile Bhuirne a bhunú agus a oscailt gan mhoill.
    v. Is gá gach tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann i ngaelscoileanna le cabhrú leo a gcaighdeán Gaeilge a chothú agus a fheabhsú go leanúnach.
    vi. Sainchúrsaí réamhoiliúna agus inseirbhíse d'fhoireann na ngaelscoileanna a eagrú. Tá ról ar leith ag na coláistí oideachais agus na Ranna Oideachais, thuaidh agus theas, sa cheist seo.
    vii. Is gá malartú sealadach múinteoirí idir gaelscoileanna a eagrú chun cur le raon taithí múinteoirí.

k. Taighde
    i. Aithnítear go bhfuil géarghá le taighde de chineálacha éagsúla ar na cúiseanna seo a leanas:
        1. Le cur lenár n-eolas faoi na toscaí ar leith a bhaineann leis an tumoideachas Gaeilge in Éirinn, sa dá dhlínse.
        2. Le gur féidir linn ár modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do thoscaí ar leith na Gaeilge.
        3. Le gur féidir leas a bhaint as an dea-chleachtas is fearr.

    Ar an gcaoi seo, cuideoidh taighde ceart, eolaíoch a dhéanamh ar na múnlaí éagsúla tumoideachais agus ar na modheolaíochtaí difriúla muid a threorú i dtreo na gcleachtas is fearr teagaisc agus foghlama.

    Is gá go leanfadh an taighde seo cur chuige eolaíoch – foirmliú hiptéisí nó ceisteanna,

dearadh an taighde a roghnú, bailiú, earcú agus anailísiú sonraí, maille le léirmhíniú cainníochtúil agus cáilíochtúil na dtorthaí. (Harley, B., 1998).

ii. Moltar leas cuí a bhaint as taighde feidhmeach i réimse an tumoideachais.
iii. Moltar aitheantas ar leith a thabhairt do mhúinteoirí a bhaineann a gcáilíocht amach trí mheán na Gaeilge agus go mbeadh sé seo sainithe sa cháilíocht a bhronntar orthu.
iv. Moltar a chinntiú go gcoimeádtar sruth eolais cothrom le dáta le múinteoirí faoi fhorbairtí i dtumoideachas in Éirinn agus i dtíortha eile m.sh. Ceanada, an Bhreatain Bheag, na poblachtaí Baltacha, an Chatalóin, Tír na mBascach.
v. Moltar go ndéanfadh na páirtithe leasmhara i saol an oideachais a bhfuil cúraimí taighde orthu clár taighde uile-oileánda a chur le chéile ar an tumoideachas agus obair a choimisiúnú dá réir.
vi. Maidir le bearnaí taighde, moltar go dtiocfadh na páirtithe leasmhara ar fad le chéile le hobair a choimisiúnú ar an ábhar seo mar ábhar práinne:
    1. Dearcadh tuismitheoirí agus páistí i dtaobh na Gaelscolaíochta
    2. Moltar iniúchadh a dhéanamh ar mhúnlaí sa Bhreatain Bheag, sa Nua-Shéalainn agus i dtíortha eile, féachaint cad iad na buntáistí agus na laigí a bhaineann leo. (Laing, D. ,1988)

Moltar go bhfanfaidh an GSPT le chéile go ceann dhá bhliain le cur i bhfeidhm an pholasaí seo a bhrú chun cinn. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ag deireadh na tréimhse sin.

GSPT
23 Feabhra 2009

Aguisín 1
Eagraíochtaí rannpháirteacha sa GSPT

**Foras na Gaeilge**
Tá Foras na Gaeilge freagrach as cur chun cinn na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann. Bunaíodh é mar cheann de na forais trasteorann ag eascairt as Comhaontú Aoine an Chéasta 1998. Tá dualgas sonrach air tacú le múineadh na Gaeilge agus múineadh trí mheán na Gaeilge. Tá cúram na foclóireachta agus na téarmaíochta air chomh maith, agus forbraíonn sé áiseanna agus ábhar léitheoireachta don ghaelscolaíocht tríd an nGúm agus tríd an maoiniú don Áisaonad. I measc na mbealaí a gcuireann sé an tacaíocht sin ar fáil tá:

- Séideán Sí – comhthionscadal é seo leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tá cúrsa comhtháite Gaeilge á fhorbairt do na scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna ó dheas.
- Idirphlé le agus comhairle ar pháirtithe leasmhara eile m.sh. na Ranna Oideachais, thuaidh agus theas, CNCM, CCEA.
- Maoiniú do ghrúpaí bunmhaoinithe atá ag plé leis an nGaelscolaíocht – Gaelscoileanna, FNT, Altram, an tÁisaonad.
- Deontais i gcabhair a thabhairt do thionscadail atá ag freastal ar an ngaelscolaíocht – soláthar áiseanna, bunú naíscoileanna, tionscadail taighde, imeachtaí óige, campaí samhraidh.
- www.focal.ie
- Tá post amháin an ceann cómhaoinithe ag Foras na Gaeilge do CCEA agus don CNCM ar aon. Breathnaíonn an dá phost seo ar riachtanais agus ar shaincheisteanna na gaelscolaíochta, thuaidh agus theas.
- Straitéis Bhailithe Airgid – seo scéim trí bliana de chuid Iontaobhas na Gaelscolaíochta atá á maoiniú ag Foras na Gaeilge. Tá luach £1.7m bailithe go dáta ag an tionscadal d'earnáil na gaelscolaíochta ó thuaidh.

**Comhairle na Gaelscolaíochta**
Is í Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) an foras atá ionadaíoch thar ceann na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann. Chuir an Roinn Oideachais ar bun í sa bhliain 2000 chun an ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh. Ceann de na príomhchuspóirí atá ag CnaG is ea féachaint leis an teacht atá ar an Ghaelscolaíocht a leathnú amach do thuismitheoirí ar mian leo í a thapú dá bpáistí. Tá cur chuige straitéiseach i bhfeidhm againn chuige sin trína bhféachann muid lena chinntiú go bhfuil scoileanna scaipthe ar fud an tuaiscirt, agus go ndéantar soláthar iar-bhunscolaíochta a fhorbairt chun riar ar riachtanais pháistí i soláthar bunscolaíochta atá ann cheana agus i soláthar atá beartaithe. Cuireann Comhairle na Gaelscolaíochta comhairle agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil do

ghrúpaí tuismitheoirí ar mian leo an ghaelscolaíocht a bhunú ina gceantair.

Faoi láthair tá an ghaelscolaíocht á cur ar fáil i 81 scoil ar fad do bhreis agus 4,000 páiste ag leibhéal réamhscolaíochta, bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta ar fud an tuaiscirt. Le blianta beaga anuas tá borradh leanúnach faoi earnáil na Gaelscolaíochta agus an chuma ar an scéal, toisc scoileanna nua a bheith á n-oscailt gach bliain, go leanfar den bhorradh seo. Fáiltíonn gaelscoileanna roimh pháistí ó gach creideamh agus cúlra.

**Boird Oideachais agus Leabharlann Thuaisceart Éireann**
Tá comhairleoir réigiúnach amháin buan, lánaimseartha fostaithe ag na *Boird Oideachais agus Leabharlann* ó bhí an bhliain 2003 ann le comhairle, tacaíocht agus cúnamh ar ardchaighdeán a thabhairt do mhúinteoirí ranga, chomhordaitheoirí réimsí foghlama, bhainisteoirí lár scoile, phríomhoidí agus ghobharnóirí scoile sa Ghaelscolaíocht. Is sa réamhscolaíocht i naíscoileanna reachtúla, sa bhunscolaíocht agus sa mheánscolaíocht a fheidhmíonn cúraim agus freagrachtaí an chomhairleora. Chomh maith leis sin, tá beirt mhúinteoirí chomhairleacha réigiúnacha fostaithe sna boird ar bhonn iasachta. Tá cúram na litearthachta agus na teanga (Gaeilge agus Béarla) ar dhuine acu agus cúram na huimhearthachta agus na matamaitice ar an duine eile. Oibríonn an bheirt acu go dlúth le múinteoirí agus le comhordaitheoirí i nGaelscoileanna ag tabhairt comhairle ina sainréimse féin agus déanann siad dea-chleachtas a eiseamláiriú sa seomra ranga le múinteoirí. Is iad na haidhmeanna atá ag an fhoireann réigiúnach ná: caighdeáin a fheabhsú, riachtanais a shásamh agus páirtíochtaí a neartú, daoine a fhorbairt agus acmhainní a uasmhéadú, agus comhairle a thabhairt le curaclam nua agus straitéis oideachasúil a fhorbairt don 21ú céad.

**Gaelscoileanna Teo.**

Is é an gaeloideachas ceann de na réimsí oideachais is mó fás agus forbairt in Éirinn le 30 bliain anuas agus tá GAELSCOILEANNA TEO. chun tosaigh san fhás agus san fhorbairt sin. Faoi láthair tá **170** bunscoil lán-Ghaeilge agus **43** iarbhunscoil lán-Ghaeilge faoi lán seol sa 32 contae (lasmuigh den Ghaeltacht), le 139 agus 39 faoi seach sna 26 contae. Tá os cionn 35,500 páistí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge. Tá an eagraíocht á maoiniú ag Foras na Gaeilge.

*Aidhmeanna*

Is í príomhaidhm GAELSCOILEANNA TEO. ná an ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal fud fad na hÉireann.

### Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Bunaíodh Comhar na Múinteoirí Gaeilge i 1964. Feidhmíonn an eagraíocht mar thaca agus mar fhoinse threorach do mhúinteoirí uile na tíre – atá ag múineadh Gaeilge nó ag múineadh trí Ghaeilge – ina gcuid iarrachtaí chun cur lena ngairmiúlacht féin agus chun feabhas a chur ar shiollabais agus ar fhoghlaim na Gaeilge.

Chuige seo foilsítear acmhainní éagsúla teagaisc agus cuirtear seirbhísí gairmiúla ar fáil i bhfoirm seimineár agus cúrsaí. Faigheann Comhar na Múinteoirí Gaeilge deontas bliantúil ó Fhoras na Gaeilge.

### Forbairt Naíonraí Teo.

Cuideachta dheonach uile-Éireann í Forbairt Naíonraí Teoranta a thacaíonn le seirbhísí, cúram agus oideachas trí Ghaeilge a chur chun cinn do pháistí ó aois an chliabháin ar aghaidh.

Bunaíodh Forbairt Naíonraí Teoranta in 2003 mar chomharba ar an gComhchoiste Réamhscolaíochta Teo. Tá ionadaíocht ag Altram, Comhairle na Gaelscolaíochta, Foras na Gaeilge, Gaelscoileanna agus Na Naíonraí Gaelacha ar choiste stiúrtha Forbairt Naíonraí Teoranta.

Tugann Foras na Gaeilge agus an Roinn Sláinte & Leanaí deontais d' FNT.

### Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo.

Is córas pátrúnachta náisiúnta é An Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge a bunaíodh sa bhliain 1993. Bunaíodh é le go mbeadh rogha eile pátrúnachta ag Gaelscoileanna nua a bheadh ag oscailt sna blianta atá le teacht. Tá an Foras aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar chóras pátrúnachta agus tá sé inghlactha agus oiriúnach do scoileanna lánGhaeilge ag an mbun agus ag an dara leibhéal. Is comhlacht teoranta gan scairchaipitil ata mar struchtúr ag an bhForas. Is córas daonlathach ata ann agus tá Bunracht dá chuid féin aige.

Ceann des na buanna atá ag an bhForas Pátrúnachta ná go bhfuil an córas pátrúnachta seo oscailte do scoileanna de gach saghas aicme creidimh agus do scoileanna ilchreidmheacha agus

idirchreidmheacha. Bua eile ná go neartaíonn se gluaiseacht na scoileanna lánGhaeilge go mór, sa mhéid is gur eagras náisiúnta é.

Tá líon na ngaelscoileanna faoi phátrúnacht an Fhorais ag méadú ó bhliain go bliain le 46 gaelscoil faoi scáth an Fhorais móide gael-choláiste amháin.

Mar phatrún, bainisteoir agus eagraíocht oideachasúil, creideann an Foras sa mhisean atá aige ó thaobh na Gaeilge agus ó thaobh an chreidimh de. 'Sé sin moladh, cúnamh agus treoir a thabhairt do bhoird, do phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí mar is gá, agus tacú le sainmheon, forbairt agus fás na scoileanna faoina chúram.

Aguisín 2

An Comhchoiste Réamhscolaíochta (1985) *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí*, Baile Átha Claith, An Comhchoiste Réamhscolaíochta.

Andrews, A.M. (2006) *Two Windows on the World, Language Immersion Education: A Training Manuel for Early Years*, Belfast: Altram.

Baker, C. (1995) *A Parents' and Teachers' Guide to Bilingualism*, Clevedon: Multilingual Matters

Baker, C. and Prys Jones, S. (1998) *Encyclopedia of Bilingualism*, Clevedon: Multilingual Matters.

Bamford, K and Mizokawa, D. (1991) Additive-bilingual (immersion) education: cognitive and language development, *Language Learning*, 41, 3, pp 413-29.

Bernhardt, E. and Schrier, L. (1992) The Development of Immersion Teachers, in Bernhardt, E. (Ed) *Life in Language Immersion Classrooms*, Clevedon: Multilingual Matters, pp113-131.

Carleton Board of Education (1996) *Comparative Outcomes and Impacts of Early, Middle and Late Entry French Immersion Options: Review of Recent Research and Annotated Bibliography*, Ottawa: Carleton Board of Education.

Clipperton, R. (1994) Explicit vocabulary instruction in French immersion, *The Canadian Modern Language Review,* 50, pp 737-749.

Cummins, J. (1977) Immersion Education in Ireland: a critical view of Macnamara's findings, *Working Papers on Bilingualism,* 9, pp 1-43.

Cummins, J. (1978) Metalinguistic development of children in bilingual education programs: data from Irish and Canadian Ukrainian-English programs, in Paradis, M. (Ed) *Aspects of Bilingualism,* Hornbeam: Columbia.

Cummins, J. (1999) *Immersion Education for the Millenium: What we have learned from 30 years of research on second language immersion*: Toronto, OISE, @ http://www.iteachilearn.com/cummins/immersion2000.html (last accessed 10.06.08)

Curtain, H. (1997) Effective Teaching Strategies for Immersion Teachers, *The ACIE Newsletter,* 1, 1, November, @ http://carla.acad.umn.edu/acie/news.html (last accessed 10.01.08)

Day, E.M. and Shapson, S.M. (1996) *Studies in Immersion Education,* Clevedon: Multilingual Matters.

Diaz, R. (1983) Thought and two languages: the impact of bilingualism on cognitive development, *Review of Research in Education,* 10, pp 23-54.

Downs-Reid, D. (1997) A Dozen Activities for Promoting the Use of Spanish outside of School, *The ACIE Newsletter,*1, 1, November, 2001, @ http://carla.acad.umn.edu/acie/news.parents.html (Last accessed by this author 6.02.03).

Gaelscoileanna Teo., (2005) "Ár bPolasaí Gaeilge"

Genesee, F. (1976) The suitability of immersion programmes for all children, *The Canadian Modern Language Review*, 32, 5, pp 494-515.

Goncz, L. and Kodzopeljic, J. (1991) Exposure to two languages in the pre-school period, *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 12, 3, pp 137-163.

Hammerly, H. (1991) *Fluency and Accuracy*, Clevedon: Multilingual Matters.

Harding, E. and Riley, P. (1986) *The Bilingual Family: A Handbook for Parents,* Cambridge: Cambridge University Press.

Harley, B. (1984) How good is their French? *Language and Society*, 10, pp 55-60.

Harley, B. (1998) French immersion research in Canada: the 1990s in perspective, *Mosaic*, 6, 1, pp 3-10.

Harley, B. and Swain, M. (1984) The interlanguage of immersion students and its implications for second language teaching, in Davies, A., Criper, C. and Howatt, A. (Eds.), *Interlanguage*, Edinburgh: Edinburgh University Press, pp 291-311.

Henry, A., Andrews, A., Ó Cainín, P. (2002) *Developing Linguistic Accuracy in Irish-medium Primary Schools*, DE Research Report Series, Bangor, Northern Ireland: Department of Education.

Hickey, T. (1997) *Early Immersion Education in Ireland*: *Na Naíonraí*, Dublin: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Horgan, S. E. (1995) *A Study of the Linguistic and Cognitive Development of Junior Infant Class Children in Gaelscoileanna in Cork City and County*, unpublished MEd Thesis, University College Cork.

Johnson, K. and Swain, M. (1997) *Immersion Education: International Perspectives,* Cambridge: Cambridge University Press.

Johnstone, R, Wynne, H, Mac Neil, M. Stradling, B and Thorpe, G, (1999) *The attainments of Pupils receiving Gaelic medium primary education in Scotland,* University of Stirling, University of Stirling / Scottish CILT

Knipe, D., Bunting, G., Ó Labhraí, J., Nig Uidhir, G. and Mhic Aoidh, E. (2004) *The Professional Development of Teachers and Principals in Irish-Medium Education*, DE Research Report 34, Bangor, Northern Ireland: Department of Education.

Krashen, S. (1984) Immersion: why it works and what it has taught us, *Language and Society,* 12, pp 61-68.

Laing, D. (1988) Two decades of immersion education in Canada, *Oideas*, 32, pp 22-35.

Mac Corraidh, S. (2008) *Ar Thóir an Dea-chleachtais: The Quest for Best Practice in Irish-medium primary schools in Belfast,* Belfast: Cló na Banríona, QUB.

Stein, M. (1999)_"Developing Oral Proficiency in the Immersion Classroom" (in *The Bridge: From Research to Practice* [Insert]), The ACIE Newsletter, Bealtaine, 2.3, Lgh 1-8. Ar fáil ag http://www.carla.umn.edu/immersion/acie/vol2/Bridge2.3.pdf

**Miontuairiscí ón 72ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 20 Márta 2009 san Óstán Alexander, Baile Átha Cliath.**

| | |
|---|---|
| **I láthair:** | L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), C. Nic Phaidín, É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, S. Breathnach, P. Ó Biadha, M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews, D. Ó Béarra, L. Bhreatnach. |
| **Ag freastal:** | F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne. |
| **Leithscéal:** | A. Nic Chárthaigh, L. Kennedy agus N. Henry. |

**01.72 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Bhí plé faoin suíomh idirlín agus chuir an Leas-Phríomhfheidhmeannach in iúl go raibh an próiseas tosaithe maidir le straitéis idirlín don óige a fhorbairt.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Léirigh D. Ó Béarra suim ar leith san obair ar an straitéis idirlín don óige.
Aontaíodh go gcuirfí mír ar an chlár don chéad chruinniú boird eile faoi chuairt an Aire Ó Cuív TD ar an Bhord ar 19 Meitheamh. Níl freagra faighte ón Aire Campbell CTR, FP, fós.
Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh an féinmheasúnú a bhí ar siúl ag an Bhord beagnach críochnaithe agus go mbeadh sé ag bualadh le Cathaoirligh na gCoistí Boird ar bhonn aonair le críoch a chur leis an phróiseas. Chuir sé in iúl freisin go gcuirfí tuairisc ar an phróiseas iomlán ar fáil.

**02.72 COISTÍ AN FHORAIS**

I ndiaidh plé glacadh le moladh leasaithe maidir le ceapadh comhaltaí ar choistí Boird. (Aguisín 1) Aontaíodh go gcuirfí eolas i scríbhinn ar fáil maidir leis na scileanna nó taithí atá ag ceapacháin sheachtracha ar choistí Boird. Pléadh ceist neamhláithreachta ag cruinnithe coistí agus aontaíodh go n-ullmhófaí nóta eolais ina leith.
Aontaíodh go bhfanfadh ballraíocht na gcoistí mar atá go dtí Márta 2010.

**03.72 LÍONADH FOLÚNTAS I BHFORAS NA GAEILGE**

Tugadh suntas don cháipéis a réitíodh ar an ábhar seo.

**04.72 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ BOIRD**

Thug Cathaoirligh na gcoistí éagsúla tuairisc ar obair na gcoistí le linn 2008.
Thug Cathaoirleach an Choiste Foclóra tuairisc ar an obair a rinneadh.

Aontaíodh cead a lorg do na poist riachtanacha do thionscadal an fhoclóra.

Thug E. Mac Cormaic le fios gur roghnaíodh é mar Chathaoirleach ar Choiste Cholmcille ag an chéad chruinniú a bhí ag ionadaithe an Fhorais lena gcomhgleacaithe as Alban agus go mbeadh Colmcille ag aistriú chuig an da Bhord ar 1 Aibreán 2009. Cuireadh in iúl go raibh roinnt iarratas istigh agus go raibh na moltaí a leanas le faomhadh ag an dá Bhord.

| Ainm | Méid iarrtha | Méid molta |
|---|---|---|
| Nós Úr | £5,000 | £5,000 |
| Feis Cheann Loch Goibhle | £8,734 | £7,000 |
| Scoil Samhraidh Willie Clancy | €3,500 | €3,500 |

Sparánachtaí:

| Ainm | Méid iarrtha | Méid molta |
|---|---|---|
| Sabhal Mòr Ostaig | £12,550 | £11,000 |
| Ionad Chaluim Cille, Ìle | £9,400 | £8,000 |

Ghlac an Bord leis na moltaí thuas ar an choinníoll go nglacfadh Bòrd na Gàidhlig leo.

Ghabh Cathaoirleach an Bhoird buíochas leis na coistí ar fad.

### 05.72 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 28 FEABHRA 2009

Nótáil an cruinniú an ráiteas caiteachais go dtí 28 Feabhra 2009.

### 06.72 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS

Tugadh suntas don nóta eolais a bhí ullmhaithe maidir le hiarratais ar dheontais agus aontaíodh go gcuirfí an t-eolas ar fáil ar leathanach A3 amach anseo.

### 07.72 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Scaipeadh tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh ar na comhaltaí mar eolas. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh cruinniú ag an fheidhmeannas leis na Ranna ag ar cuireadh in iúl:
- Go raibh iniúchadh le déanamh ar Fhoras na Gaeilge ag Aonad Iniúchta Inmheánaigh na RGPTG,
- Go rabhthas ag súil cruinniú den CATT a bheith ann i mí Iúil,
- Go mbeadh DCAL ag athrú ón 1 Aibreán ó CHAPS (Clearing House Automated Payment System) go dtí BACS (Banks Automated Clearing System),
- Go raibh na Ranna Urraíochta ag súil le sábháiltí ag eascairt as an athbhreithiú Mazars ar na heagrais bhunmhaoinithe,
- Gur ardaíodh an cheist arís faoi mhiontuairiscí a bheith ar fáil i mBéarla ar an suíomh.

Chuir sé in iúl chomh maith:

- Go raibh cruinniú leis na ceardchumainn agus faoi scáth an Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais maidir leis na poist i nGaoth Dobhair.
- Go raibh dáta le socrú le haghaidh cruinniú úrghnáthach maidir le buiséad 2009 agus aontaíodh ar an Aoine 17 Aibreán i mBaile Átha Cliath ar 10.30r.n.

**08.72 COMHFHREAGRAS**

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge maidir leis an seimineár a bhí ann ar 5 Feabhra do na heagrais bhunmhaoinithe. Iarradh ar an Phríomhfheidhmeannach scríobh chuig an Chomhdháil ag lorg soiléiriú ar:

- na torthaí a bhí ar an lá,
- na moltaí fiúntacha a tháinig chun cinn,
- na deiseanna comhoibrithe soiléire a aithníodh agus
- cé acu an raibh aon phlé ann faoi sheirbhísí roinnte.

**09.72 TUAIRISC OIBRE EANÁIR MÁRTA 2009**

Thug an Bord suntas don tuairisc oibre.
Iarradh go gcuirfí eolas ar fáil don chéad chruinniú boird eile maidir le líon na bhfostaithe sna heagrais agus líon na gconarthaí a bheadh ag teacht chun deiridh sna trí bliana romhainn.

**10.72 AON GHNÓ EILE**

Aontaíodh nóta eolais maidir le óstáil cruinnithe boird a ullmhú don chéad chruinniú boird eile.

**11.72 TIONSCADAIL / STRAITÉISÍ DÍRITHE AR FHEIDHMIÚ ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003**

Rinne Clárbhainisteoir na hEarnála Poiblí na n-Ealaíon cur i láthair ar thionscadail agus straitéisí atá ar siúl ag an Fhoras dírithe ar fheidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Thréaslaigh an Bord léi an obair thábhachtach a rinneadh.

**12.72 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS**

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| An Gaeláras | 0901598 | €100,000 |

Moladh deontas nach mó ná **€100,000** a chur ar fáil don Ghaeláras.

**D'fhág C. Nic Pháidín don mhír seo mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.**

**Clár na Leabhar Gaeilge**

Cuireadh moltaí maidir le scéimeanna éagsúla an Chláir faoi bhráid an Bhoird (féach Aguisín 2).

Ghlac an Bord leis na moltaí seo.

**D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.**

**Aguisín 1**

**Moladh do pholasaí maidir le Coistí do Bhord an Fhorais a roghnú**

1- Leagann an Bord síos cá mhéad comhaltaí a ba chóir a bheith:
   - Ar choistí Boird m.sh triúr/ceathrar,
   - Íos/uas líon choistí ar chóir do chomhalta a bheith air m.sh ba chóir go mbeadh gach comhalta ar choiste amháin.
   - Íos/uaslíon ama a chaitheann comhaltaí ar choistí le tacú le leanúnachas, chomh maith le deis a thabhairt do chomhaltaí taithí a fháil ar choistí éagsúla
2- Scaiptear bileog ar chomhaltaí ag cruinniú an Bhoird ag iarraidh orthu cén choiste atáthar ag iarraidh feidhmiú air. Féach tábla A.
3- Cuireann na comhaltaí tic sa bhosca/bhoscaí cuí, meabhraítear do Chomhaltaí:
   a. Ní féidir a bheith ar Choiste na nDeontas agus ar an Choiste Achomhairc ag an am céanna
   b. Le tógáil san áireamh aon (bhaol) choimhlint leasa atá air/uirthi
   c. Moltar go ndéanfaidh gach comhalta iarracht taithí a bhailiú ar chúpla coiste éagsúla le linn a t(h)réimshe

**Tábla A: Teimpléad Samplach* Níl gach coiste luaite anseo**

| | Nuachtán & irisí | Deontas | Polasaí & Pleanáil | Acomharc |
|---|---|---|---|---|
| **Comhalta 1** | | √ | | |
| **Comhalta 2** | √ | | √ | |
| **Comhalta 3** | | √ | | |
| **Comhalta 4** | √ | | | |
| **Comhalta 5** | √ | √ | √ | |

4- Líontar na coistí de réir an nósmhaireacht seo:
   a. I gcásanna go bhfuil barraíocht / gan go leor ainmneacha ar liosta do choiste tabharfar liosta chuig an chéad chruinniú Boird eile agus beidh deis ag comhaltaí athmhachnamh a dhéanamh agus tarraingt siar ó choiste nó ainm a chur chun tosaigh le haghaidh coiste.
   b. Má tá líon na gcomhaltaí mar an gcéanna leis an íoslíon don choiste ceaptar ar an gcoiste na comhaltaí sin.
5- Ceapfaidh an Bord Cathaoirleach gach Coiste.

**Aguisín 2**

# Clár na Leabhar Gaeilge

## Gníomhaíochtaí Éagsúla

### Oireachtas na Gaeilge

| *Gníomh* | *Méid Iarrtha €* | *Méid molta €* |
|---|---|---|
| Comórtais Liteartha an Oireachtais | 30,000.00 | 24,000.00 |
| Leabhar na Bliana 2009 - duaiseanna | 28,000.00 | 26,000.00 |
| Poiblíocht – Leabhar na Bliana | 36,300.00 | 15,000.00 |
| Iomlán | 94,300.00 | 65,000.00 |

Moltar suim nach mó ná **€65,000** a chur ar fáil d'Oireachtas na Gaeilge don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2009 ach plean comhaontaithe a chur ar fáil.

## Grúpa A

| *Eagraíocht* | **Costas iomlán an tionscadail** | **Méid molta** |
|---|---|---|
| Cló Iar-Chonnachta | 398,700 | 158,700 |
| Cois Life | 167,700 | 111,700 |
| Cló Mhaigh Eo | 80,000 | 58,000 |
| Móinín | 65,850 | 42,850 |
| FÁS | 34,000 | 22,000 |

Moltar deontais nach mó ná **€393,250.00** a cheadú do Ghrúpa A don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2009 ach na grúpaí plean comhaontaithe a chur ar fáil.

## Grúpa B

| *Eagraíocht* | | *Méid molta* |
|---|---|---|
| An Sagart | 82,463 | 47,363 |
| An tSnáthaid Mhór | 43,000 | 35,800 |
| Arlen House | 45,000 | 25,000 |
| Cló na Carraice | 6,500 | 4,500 |
| Coiscéim | 269,790 | 169,770 |
| Futa Fata | 137,349 | 46,577 |
| Leabhar Breac | 73,580 | 58,580 |
| Oidhreacht Chorca Dhuibhne | 9,866 | 7,366 |
| Púca Press | 8,800 | 5,800 |

Moltar deontais nach mó ná **€400,756.00** a cheadú do Ghrúpa B don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2009 ach na grúpaí plean comhaontaithe a chur ar fáil.

| | |
|---|---|
| **Mór-iomlán Scéim na Foilsitheoireachta 2009** | **€794,006.00** |

## Grúpa C

Moltar gan aon mhaoiniú a chur ar fáil do P. Ó Baoighill, Preas Uladh. Níor cháiligh sé don scéim de réir córas measúnóireachta Chlár na Leabhar Gaeilge.

**Miontuairiscí ón 73ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 17 Aibreán 2009 san Óstán Grand Canal, Baile Átha Cliath.**

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), C. Nic Phaidín, É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, S. Breathnach, P. Ó Biadha, M. Nic Giolla Mhichíl, A. Nic Chárthaigh agus L. Bhreatnach.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: Á. Andrews, L. Kennedy, N. Henry agus D. Ó Béarra.

## CÚRSAÍ BUISÉID

Cuireadh in iúl nach raibh buiséad an Fhorais do 2009 aontaithe go fóill ach go raibh an cuma ar an scéal go mbeadh ciorrú ann idir 8% agus 10%. Cuireadh in iúl go mbeadh ar an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta na figiúirí a aontú go hoifigiúil ag cruinniú den CATT ach idir an dá linn go dtiocfadh buiséad a chur le chéile nuair a thiocfadh scéal níos cinnte ó na Ranna Urraíochta. Cuireadh in iúl go mbeadh ciorrú breise ann mar gheall ar an ráta malairte.

Ardaíodh ceist faoi na poist a ceadaíodh do Ghaoth Dobhair. Cuireadh in iúl gur dhearbhaigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta nár bhain an lánchosc ar earcaíocht leis na Comhlachtaí Forfheidhmithe go fóill ach go raibh plé ag dul ar aghaidh idir an dá Roinn Airgeadais i leith na ceiste seo.

Chuir an Cathaoirleach in iúl gur cheart buiséad a dhréachtu bunaithe ar chiorrú de 10% agus na ceangaltais ag 31-12-2008 san áireamh. Pléadh na réimsí éagsúla ina dtiocfadh sábháiltí a aimsiú ina measc: foclóir, Oifig Ghaoth Dobhair, earcaíocht, poiblíocht, margaíocht, ábhar bolscaireachta, scéimeanna agus deontais.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

I gcás na n-eagras bunmhaoinithe, moladh go dtabharfaí rogha dóibh maidir le cén áit a ndéanfaí aon chiorrú taobh istigh da mbuiséad. Aontaíodh gur chóir amharc ar fhiúntas an chaiteachais agus nach gearradh 10% trasna an bhoird a bheadh i gceist. Iarradh go léireofaí sa bhuiséad eolas maidir conarthaí ag 31-12-2008.

Luaigh comhalta amháin gurb iad an t-oideachas agus an óige an dá réimse is tábhachtaí don Bhord.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Bhí plé ann faoi chostais fógraíochta agus cuireadh in iúl go gcaithfí scéimeanna a fhógairt sna nuachtáin thuaidh agus theas le cinntiú nach mbeifí ag léiriú fabhraíochta agus le go mbeadh deis tugtha do ghrúpaí nua cur isteach ar scéimeanna.

Aontaíodh go gcuirfí roghanna maidir le cúrsaí buiséid os comhar an bhoird ag an chéad chruinniú eile.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Gur fógraíodh dhá fholúntas reatha – Oifigeach Feidhmiúcháin i mBaile Átha Cliath agus Rúnaí in oifig Bhéal Feirste
- Go mbeadh bronnadh GLEO ann i bPáirc an Chrócaigh Dé Luain 11 Bealtaine agus go mbeadh Uachtarán na hÉireann ag bronnadh na ngradam ar na scoileanna.

**Bhí seisiún iata ag an Bhord gan aon bhall den fheidhmeannas i láthair.**

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

**D'fhill an feidhmeannas ag an phointe seo.**

**Aguisín 1**

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

**Miontuairiscí an 74ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 15 Bealtaine 2009 in Oifigí Bhord na hUltaise, Béal Feirste.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), C. Nic Pháidín, É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, P. Ó Biadha, M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews, D. Ó Béarra, L. Bhreatnach, A. Nic Chárthaigh agus L. Kennedy.

**Leithscéal:** S. Breathnach agus N. Henry

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin, (Rúnaí)), N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.

**Leithscéal:** M. Ó Ríordáin.

**01.74 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Bhí plé ann faoi na miontuairiscí den 20 Márta 2009 agus aontaíodh go leasófaí Mír 02.72 ó 'Coistí an Fhorais' chuig 'Coistí an Bhoird'. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.
Aontaíodh go bpléifí miontuairiscí 17 Aibreán 2009 níos moille sa chruinniú.

Aontaíodh ord chlár an chruinnithe a athrú

**03.74 CUR I LÁTHAIR Ó MAZARS AR AN ATHBHREITHNIÚ AR NA hEAGRAIS BHUNMHAOINITHE**

Rinne Mazars cur i láthair ar an athbhreithniú ar na heagrais bhunmhaoinithe agus rinneadh plé ar an tuairisc.

Scaipeadh cóip d'alt a bhí san Irish Times den 13 Bealtaine 2009. Bhí sé ráite san alt gur thug an tAire Ó Cuív le fios go mbainfí cúram maoinithe na n-eagras Gaeilge d'Fhoras na Gaeilge amach anseo. Ardaíodh ceist faoi seo agus an tionchar a bheadh aige ar aon phlé a bheadh ag leibhéal an Bhoird, go háirithe i gcomhthéacs an athbhreithnithe a bhí anois faoina mbráid. Aontaíodh go gcuirfeadh an Príomhfheidhmeannach litir chuig an Aire Ó Cuív T.D. le soiléiriú a lorg maidir leis an cheist seo.

**04.74 DRÉACHTBHUISÉAD 2009**

Bhí plé ann faoin dréachtbhuiséad. Bhí plé ann faoi chead tarmligthe de réir mar atá sé leagtha síos sa phróiseas measúnaithe atá faofa ag an CATT. Moladh go n-amharcfaí ar an cheist seo arís i gcomhthéacs cúrsaí maoinithe, freagra an Aire maidir le maoiniú na n-eagras agus an t-athbhreithniú.
Ghlac an Bord leis an dréachtbhuiséad. (Aguisín 1)

**06.74 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 AIBREÁN 2009**

Bhí plé ann faoin ráiteas caiteachais. Ardaíodh ceist faoin fhéidearthacht chostas cíosa a laghdú agus cuireadh in iúl go raibh léas ag Foras na Gaeilge le hOifig na nOibreacha Poiblí go dtí 2015 ach go bhféadfaí an cheist a fhiosrú leo. Ardaíodh ceist faoi 'Saol' agus aontaíodh go ndéanfadh an Coiste Nuachtán agus Irisí athbhreithniú

air i gcomhthéacs caidreamh poiblí agus costas foilsitheoireachta. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais.

### 07.74 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta.

### 08.74 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Thug an Bord suntas don tuairisc.
Cuireadh in iúl go raibh Leas-Chathaoirleach le ceapadh ar Bhord FNT agus go rabhthas ag moladh Máire Uí Bhriain go dtí deireadh thréimhse Bhoird reatha FNT. Ghlac an Bord leis an mholadh.

### 09.74 COMHFHREAGRAS

Bhí plé faoi litir ó Acadamh Ríoga na hÉireann maidir le hionadaíocht an Fhorais ar Choiste Léann na Gaeilge agus aontaíodh go gcuirfí litir chucu le rá go ndéanfaí ainmniúchán i ndiaidh an chruinnithe boird i mí an Mheithimh 2009.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bhaol canbhasála.

Bhí plé ann faoi litir ón Ghaeláras agus aontaíodh go mbeadh an cruinniú Boird i mí Iúil 2009 ar siúl i nDoire.

### 02.74 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

**Bhí seisiún iata ag an Bhord gan aon bhall ón fheidhmeannas i láthair.**

### 02.74 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA (Ar lean)

Cuireadh in iúl go mbeadh ball seachtrach nua le ceapadh ar an Choiste Iniúchta mar go raibh R. Dolan i ndiaidh cur in iúl go raibh sé ag éirí as an Choiste. Ghabh Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Cathaoirleach an Bhoird buíochas leis as an seirbhís a bhí curtha ar fáil aige d'Fhoras na Gaeilge.
Aontaíodh go ndéanfadh Cathaoirleach an Bhoird teagmháil leis an bhall seachtrach eile fáil amach ar mian leis fanacht ar an Choiste.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

### 05.74 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ

Mhol an Coiste go dtáirgeofaí conradh le deontas i gcabhair nach mó ná **€1,420,000** (€355,000 in aghaidh na bliana ar feadh tréimhse an chonartha –1 Meitheamh 2009 go 31 Bealtaine 2013) do Mhóinéar Teoranta chun nuachtán seachtainiúil uile-oileánda a fhoilsiú.
Ghlac an Bord leis an mholadh.

### 14.74 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

Aontaíodh na moltaí ó Choiste na nDeontas a chur ar athló. Aontaíodh chomh maith soiléiriú a lorg ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le ról an Fhorais i maoiniú na n-eagras.

Cuireadh an cruinniú ar athló agus aontaíodh go ndéanfaí é a ationól ar an Domhnach 24 Bealtaine.

**Miontuairiscí an 74ú cruinniú (ar lean) d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé Domhnaigh 24 Bealtaine 2009 in Óstán Grand Canal, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), C. Nic Pháidín, É. Kinch, D. Ó Murchú, P. Ó Biadha, M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews, D. Ó Béarra, L. Bhreatnach, A. Nic Chárthaigh, S. Breathnach agus L. Kennedy.

**Leithscéal:** M. Mac Ruairí agus N. Henry

**Nóta faoi fhreastal an fheidhmeannais:**
D'athghairm an Cathaoirleach an cruinniú ón gcruinniú den Bhord ar an 15 Bealtaine 2009 i mBéal Feirste.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'aontaigh an Bord go nglacfadh E. Mac Cormaic na miontuairiscí den chuid seo den chruinniú. Aontaíodh go gcuirfí míreanna 8, 10 & 12 ar atráth go dtí an chéad cruinniú eile den Bhord.

**03.74 CUR I LÁTHAIR Ó MAZARS AR AN ATHBHREITHNIÚ AR NA hEAGRAIS BHUNMHAOINITHE** (Ar lean)
Pléadh tuairisc Mazars i gcomhthéacs an chomhfhreagrais a bhí faighte ag comhaltaí Boird ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

**05.74 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ**
Cheadaigh an Bord síneadh ama go dtí 31 Iúil 2009 d'Oideas Gael chun an iris leictreonach www.beo.ie a fhoilsiú. Beidh an cheist le plé arís ag an chéad chruinniú boird eile nuair a bheidh an feidhmeannas i láthair.

**10.74 FEIDHMIÚ AN FHORAIS TEANGA**
Ní raibh aon phlé ar an mhír seo.

**11.74 CUAIRT AN AIRE GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE AGUS GAELTACHTA AR 19 MEITHEAMH 2009**
Phléigh an Bord an t-ábhar seo agus aontaíodh go scríobhfadh an Coiste Polasaí agus Pleanála chuig an Aire ag leagan amach na míreanna ar mhaith leis an Fhoras plé a dhéanamh orthu agus an tAire i láthair.

**12.74 TUAIRISC OIBRE**
Thug an Bord suntas don tuairisc oibre.

**13.74 AON GHNÓ EILE**
Bhí plé ann faoi shaincheisteanna maidir le Rialachán Corparáideach agus rinneadh cur i lathair don Bhord.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Nótáil an Bord an t-athrú a leanas ar na buanorduithe:
Má chailleann ball choiste trí chruinniú i ndiaidh a chéile den choiste labhróidh Cathaoirleach an choiste leis an bhall. Labhróidh Cathaoirleach an choiste le Cathaoirleach an Bhoird agus cinnfidh Cathaoirleach an Bhoird ballraíocht an bhaill ar an choiste a chur faoi bhráid an Bhoird más cuí.

Aontaíodh go leanfaí leis an ghnáthnósmhaireacht maidir le hullmhú agus foilsiú miontuairiscí.

Aontaíodh téarmaí tagartha aon scéim úr do na meáin (cló, idirlíon srl.,) a chur faoi bhráid an Bhoird.

Aontaíodh cuireadh a thabhairt do P. Ó Ceithearnaigh cur i láthair a dhéanamh maidir le forbairt na hearnála.

________________________
Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach

**Miontuairiscí an 75ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 19 Meitheamh 2009 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

| | |
|---|---|
| **I láthair:** | L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, P. Ó Biadha, S. Breathnach, M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews, D. Ó Béarra, L. Bhreatnach, A. Nic Chárthaigh agus L. Kennedy. |
| **Ag freastal:** | F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne |
| **Leithscéal:** | E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), C. Nic Pháidín agus N. Henry. |

## 01.75 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Bhí plé ann faoi na miontuairiscí den 17 Aibreán agus aontaíodh go leasófaí an abairt 'Luaigh comhalta amháin gurb iad an t-oideachas agus an óige an dá réimse is tábhachtaí don Bhord' go 'Luaigh comhalta amháin go raibh an t-oideachas agus an óige i measc na réimsí is tábhachtaí don Bhord'.
Glacadh le miontuairiscí 17 Aibreán.
Bhí plé ann faoi na miontuairiscí don seisiún iata den 15 Bealtaine. Cuireadh in iúl nach mbeadh an Chultúrlann i nDoire i bhfearas le haghaidh cruinnithe i mí Iúil agus aontaíodh go reáchtálfaí an cruinniú Boird ar 16 & 17 Iúil i mBéal Feirste.
Aontaíodh go gcuirfí eolas ar fáil maidir le hionadaithe atá ainmnithe ag an Bhord le feidhmiú ar choistí seachtracha agus na tréimhsí ama i gceist.

## 02.75 TUAIRISC MAZARS AR AN ATHBHREITHNIÚ AR NA hEAGRAIS BHUNMHAOINITHE

Níor pléadh an mhír seo.

## 03.75 PLEAN GNÓ 2009 – LEAGAN LEASAITHE

Cuireadh in iúl gur thug an CATT suntas don Phlean Gnó i mí Eanáir ach nár faomhadh é fós. Thug S. Ó Cearnaigh tuairisc ar leagan uasdátaithe den Phlean Gnó. Glacadh leis an Phlean Gnó ach na leasaithe ar aontaíodh orthu a bheith curtha i bhfeidhm ar an téacs. Aontaíodh go dtabharfaí cead don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach leasaithe a chur i bhfeidhm ar an Phlean sa chás go mbeadh maoiniú breise ar fáil ach sa chás go mbeadh gearradh mór le déanamh go mbunófaí coiste speisialta den Bhord chun an scéal a phlé.

## 04.75 TUAIRISC ÓN gCOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ

Bhí plé ag an Bhord faoi Mhóinéar Teo. Thug Cathaoirleach an Choiste Nuachtán agus Irisí tuairisc ar an staid reatha agus scaipeadh eolas ar na comhaltaí maidir le cuntais an chomhlachta. Mhol sé gurbh fhearr cloí leis an tairiscint reatha. (€355,000 sa bhliain go ceann ceithre bliana) Cuireadh in iúl go gcaithfí an comórtas a fhógairt arís dá ndéanfaí aon athrú ar na coinníollacha. Aontaíodh síneadh ama 4/5 mhí a thairiscint do Mhóinéar Teo., ag an ráta nua thuasluaite agus tairiscintí a lorg sa chás nach mbeadh Móinéar Teo., sásta leanúint ar aghaidh.
Aontaíodh go ndéanfaí preasráiteas a ullmhú agus a eisiúint.

Cheadaigh an Bord suim nach mó ná €27,500 a chur ar fáil d'Oideas Gael, i.e. (€5,500 an t-eagrán) chun an iris leictreonach www.beo.ie a fhoilsiú idir 1 Lúnasa agus 31 Nollaig 2009.

**Tháinig an tAire Éamon Ó Cuív, TD, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG), S. Ó hAghmaill, Rúnaí Cúnta na RGPTG agus D. Ó Briain, Príomhoifigeach na RGPTG isteach sa chruinniú ag an phointe seo.**
Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an Aire agus na hoifigigh a bhí in éineacht leis. Mhol an tAire an obair a bhí ar siúl ag an Fhoras maidir le cuidiú le feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003): An Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí, www.focal.ie . www.freagair.ie, cuimhní aistriúcháin agus araile.
Pléadh na gnóthaí a leanas leis an Aire:

- Ról Fhoras na Gaeilge agus Plean 2028,
- Díláriú agus cúrsaí fostaíochta i bhForas na Gaeilge,
- An tAthbhreithniú ar na heagrais bhunmhaoinithe,
- An tAthbhreithniú ar an Chaighdeán Oifigiúil,
- Córais Fhoras na Gaeilge, agus
- Tuarascálacha agus Cuntais bhliantúla.

Ghabh an Príomhfheidhmeannach buíochas leis an Aire as an mholadh a thug sé d'obair an Fhorais agus as theacht chuig an chruinniú.

**05.75 MÁISTIR GHRÉASÁIN AN FHORAIS 2009/2010**
Aontaíodh síneadh míosa go dtí 31 Deireadh Fómhair 2009 a chur leis an chonradh reatha le MediaOne agus tairiscint poiblí nua a reáchtáil don seirbhís. Aontaíodh na téarmaí tagartha don athdhearadh ar an suíomh www.gaeilge.ie a scaipeadh ar na comhaltaí mar eolas mar aon le sonraí poist an Mháistir Ghréasáin.

**06.75 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS**
**D'fhág M. Nic Giolla Mhichíl an seomra mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**
**Scéim scoláireachtaí tríú leibhéal**

| Eagraíocht | Cód uimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Fiontar, DCU | 0801548 | €15,443.94 |

Moladh deontas nach mó ná **€7,500** a chur ar fáil d'Fhiontar.

**Scéim ghaelscolaíochta na gColáistí Oideachais**

| Eagraíocht | Cód uimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Coláiste Ollscoile Naomh Muire | 0801546 | £3,000 |

Aontaíodh go gcuirfí an fhoirm cheart amach chuig an iarrthóir le comhlíonadh le go mbeadh measúnú déanta ar an iarratas in am don chruinniú Boird i mí Iúil.

Moladh suim nach mó ná **€21,350** do na scéimeanna tríú leibhéal, Scéim scoláireachtaí tríú leibhéal agus Scéim Ghaelscolaíocht na gColáistí Oideachais, do 2009.

Ghlac an Bord leis na moltaí seo.

**D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo.**

| Eagraíocht | Cód uimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Aisling Ghéar | 0901594 | £85,000 |

Moladh deontas nach mó na **£85,000** a chur ar fáil d'Aisling Ghéar. (**£70,000** in 2009 agus **£15,000** don tréimhse Eanáir go Aibreán 2010)

| Eagraíocht | Cód uimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| An Béal Binn Teoranta | 0901632 | €70,000 |

Moladh deontas nach mó ná **€69,291** a chur ar fáil don Béal Binn Teoranta don tréimhse Eanáir go Nollaig 2009.

**Clár na Leabhar Gaeilge**
*Scéimeanna Scríbhneoireachta Chlár na Leabhar Gaeilge*

Moladh suim nach mó ná **€230,200** do Scéimeanna Scríbhneoireachta Chlár na Leabhar Gaeilge, mar a shonraítear in **Aguisín 1** iad, briste síos mar seo a leanas:

| Scéim | 2009 € | 2010 € | 2011 € | 2012 € |
|---|---|---|---|---|
| Scéim na gCoimisiún 2009 | 110,900 | 79,800 | 13,800 | 2,000 |
| Scéim na nOidí 2009 | 7,500 | 15,600 | Ní/bh | Ní/bh |
| Scéim na Scoláireachtaí Taighde 2009 | 600 | Ní/bh | Ní/bh | Ní/bh |
| | 119,000 | 95,400 | 13,800 | 2,000 |

*Cumann Leabharfhoilsitheoirí Éireann (CLÉ)*

Moladh suim nach mó ná **€30,000** a chur ar fáil do CLÉ leis na gníomhaíochtaí seo a leanas a reáchtáil don tréimhse 1 Iúil 2009 go 31 Nollaig 2009, ach plean comhaontaithe a chur ar fáil:

- Díolachán díreach
- Seachtain Mhór na Leabhar Éireannach
- Dáileachán Idirnáisiúnta
- Turas Údar / Eagarthóirí

Ghlac an Bord leis na moltaí seo.

Tugadh suntas don Nóta Eolais maidir le Straitéis Maoinithe agus don Tuairisc ar Chomhfhreagras.
Ghlac an Bord leis an rún leasaithe a leanas ó Choiste na nDeontas maidir le miontuairiscí ag seisiúin iata:
"Sa chás go bhfuil seisiún iata le bheith ag an Bhord, bheadh an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach nó ionadaí Boird thar a gceann freagrach as plé leis an

Phríomhfheidhmeannach faoi na socruithe ar fad a eascraíonn as sin, go háirithe míreanna an chláir a dteastaíonn freastal an fheidhmeannais dóibh.
Socrófar ord an chláir roimh ré ar an ngnathbhealach."

### 07.75 TUAIRISC Ó CHOISTE CHOLMCILLLE

**D'fhág M. Nic Giolla Mhichíl an seomra mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**
Cuireadh in iúl go raibh ceithre dheontas le faomhadh ag an Bhord.

| Ainm | Molta |
|---|---|
| Cearcall Gaidhlig Lannraig agus Tuath | £3,100 |
| TG4 | €3,500 |
| Gael-Linn / Cumann na Gaidhlig | £14,000 |
| An Cruinneachadh Lochabhair | £3,500 |

Ghlac an Bord leis an mholadh.
**D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo.**

Aontaíodh go gcuirfeadh an Príomhfheidhmeannach tuairisc ghairid le chéile don chéad chruinniú Boird eile maidir le Colmcille.

### 08.75 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 BEALTAINE 2009 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO DTÍ 31 NOLLAIG 2009

Scaipeadh Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Bealtaine 2009 maraon le buiséad athbhreithnithe go 31/12/2009.
Ghlac an Bord leis.

### 09.75 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.
Ardaíodh ceist arís faoi na huasteorainneacha tairmligthe. Cuireadh in iúl gur mar seo a bhí bunaithe ar mhéid an iarratais in aon bhliain amháin:
Clarbhainisteoir: suas go €3,000 / £2,000,
Stiúrthóir: suas go €12,000 / £8,000
Príomhfheidhmeannach: suas go €50,000 / £30,000
agus go raibh seo faofa ag an CATT sa mheamram airgeadais.

### 10.75 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh na Ranna Urraíochta ag lorg tuairimí an Bhoird ar an athbhreithniú ar na heagrais bhunmhaoinithe.

D'aontaigh an Bord cur in iúl do na Ranna Urraíochta gur thuig an Bord tábhacht na ceiste agus go raibh i gceist tabhairt faoi.

- Go raibh RCEF buartha nach bhfuair siad miontuairiscí Boird den 17 Aibreán ná ón Choiste Iniúchta den 16 Aibreán ná 14 Bealtaine fós.
- Go raibh an tuairisc ar an iniúchadh a rinne an RGPTG ar an Fhoras á scríobh.
- Gur iarr na ranna Urraíochta go bpléifí an Clár Riosca ag an chruinniú Boird i mí Iúil agus gach ráithe as seo amach.
- Go raibh athbhreithniú le déanamh ar an Mheamram Airgeadais ag na Ranna Urraíochta agus an CATT.

D'aontaigh an Bord go ndéanfadh an Coiste Iniúchta moltaí faoin Mheamram Airgeadais a chur faoi bhráid an Bhoird.

- Go raibh cruinniú ag Coiste na bPríomhfheidhmeannach ar an Scéim Phinsean Thuaidh/Theas ag ar tuairiscíodh go raibh gach páipéarachas a bhí ag teastáil curtha ar fáil ag Foras na Gaeilge faoin sprioc is deanaí.
- Gur cuireadh an suíomh nuadheartha www.gaeilge.ie ar fáil ar 29 Bealtaine 2009.
- Go raibh polasaí ar "Safeguarding Vulnerable Groups" á ullmhú i gcomhar le Bord na hUltaise.
- Go raibh na socruithe á ndéanamh maidir le cur i láthair ar obair an Fhorais don choiste CAL ag Stormont ar 08 Meán Fómhair.
- Go raibh ceapacháin le déanamh ar:

Choiste Léann na Gaeilge ag Acadamh Ríoga na hÉireann:
Moladh An Dr. Ríona Ní Fhrighil, Coláiste Phádraig, Droim Conrach.
Choiste Feidhmithe maidir le Scéim Ghaeilge 2009-2012 an Gharda Síochána:
Moladh Éamonn Ó hArgáin
Ghlac an Bord leis na moltaí.

D'iarr an Cathaoirleach go mbeadh díláru mar mhír ar an chlár ag an chéad chruinniú Boird eile.

### 11.75 COMHFHREAGRAS

Scaipeadh cóip de litir a fuarthas ón Aire Gregory Campbell, MP, MLA ag cur in iúl nach mbeadh sé ábalta freastal ar an Chruinniú Boird.

### 12.75 TUAIRISC OIBRE

Thug an Bord suntas don Tuairisc Oibre.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

### 13.75 AON GHNÓ EILE

Glacadh leis an athrú ar na buanorduithe a nótaladh ar 24 Bealtaine:
Má chailleann ball choiste trí chruinniú i ndiaidh a chéile den choiste labhróidh Cathaoirleach an choiste leis an bhall. Labhróidh Cathaoirleach an choiste le Cathaoirleach an Bhoird agus cinnfidh Cathaoirleach an Bhoird ballraíocht an bhaill ar an choiste a chur faoi bhráid an Bhoird más cuí.
Iarradh ar an Phríomhfheidhmeannach an t-athrú seo a chur in iúl do na Ranna Urraíochta agus don Chomhrúnaíocht ag an CATT

### 14.75 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA

Aontaíodh, as siocair Cathaoirleach an Choiste Iniúchta a bheith as láthair, aon phlé ar an mhír seo a chur siar.

**Aguisín 1**

## Scéimeanna Scríbhneoireachta Chlár na Leabhar Gaeilge

### Scéim na gCoimisiún

*Cló Iar-Chonnachta*

| Scríbhneoir | Réimse | Méid iarrtha | Molta | Buiséad measta 09 | Buiséad measta 2010 | Buiséad measta 2011 | Buiséad measta 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Pól Ó Muirí | Ábhar léitheoireachta do dhaoine óga – sceál grá le linn cogaidh | 8,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Pádraig Ó Siadhail | Úrscéal – ficsean an mhargaidh | 10,000 | 8,000 | 4,800 | 3,200 | 0 | |
| Lochlainn Ó Tuairisg | Beatháisnéis | 15,000 | 6,000 | 1,200 | 2,400 | 2,400 | 0 |
| Rónán Mac an Iomaire | Beatháisnéis spóirt | 15,000 | 11,000 | 2200 | 4400 | 4400 | 0 |
| Cló Iar-Chonnachta | Riarachán | 4,000 | 3,000 | 0 | | 1,000 | 2,000 |
| | **Iomlán** | **52,000** | **28,000** | **8,200** | **10,000** | **7,800** | **2,000** |

*Cois Life*

| Scríbhneoir | Réimse | Méid iarrtha | Molta | Buiséad measta 09 | Buiséad measta 2010 | Buiséad measta 2011 | Buiséad measta 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siobhán Parkinson | Úrscéal do dhaoine óga | 15,000 | 11,000 | 2,200 | 8,800 | | |
| Éilis Ní Dhuibhne | Úrscéal do dhéagóirí | 11,000 | 11,000 | 2,200 | 8,800 | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Orna Ní Choiléain | Gearrscéalta do dhéagóirí | 10,000 | 8,000 | 1,600 | 6,400 | | |
| Liam Ó Muirthile | Úrscéal bleachtaireachta/eachtraíochta | 10,500 | 8,000 | 8,000 | 0 | | |
| Alex Hijmanns | Prós éadrom/ficsean an mhargadh | 10,000 | 8,000 | 1,600 | 6,400 | | |
| Máirtín Mac an Iomaire | Saothair fáisnéise | 9,500 | 0 | 0 | 0 | | |
| Cois Life | Riarachán | 6,000 | 5,000 | 0 | 1,000 | 4,000 | |
| | **Iomlán** | **72,000** | **51,000** | **15,600** | **31,400** | **4,000** | **0** |

***Coiscéim***

| **Scríbhneoir** | **Réimse** | **Méid iarrtha** | **Molta** | **Buiséad measta 09** | **Buiséad measta 2010** | **Buiséad measta 2011** | **Buiséad measta 2012** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A. Ó Domhnaill | Úrscéal do dhaoine óga | 5,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| N. Uí Mhaolaoi | Ficsean do dhaoine óga | 4,000 | 4,000 | 2,400 | 1,600 | 0 | |
| P. Mac an Bhaird | Saothair do dhaoine óga | 4,000 | 4,000 | 4,000 | 0 | 0 | |
| S. Ua Cearnaigh | Úrscéal do dhéagóirí | 2,500 | 0 | 0 | 0 | | |
| B. Ó Baoill | Úrscéal do dhéagóirí | 5,500 | 0 | 0 | 0 | | |
| Biddy Jenkinson/Ribó | Leabhar fantasaíochta do dhéagóirí | 4,000 | 0 | 0 | 0 | | |
| M. Ó Ruairc | Úrscéal d'fhoghlaimeoirí fásta | 8,000 | 6,000 | 3,600 | 2,400 | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S. Ó Meara | Úrscéal d'fhoghlaimeoirí fásta | 3,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| C. Nic Aoidh | Cnuasach gearrscéalta | 15,000 | 0 | 0 | 0 | | |
| D. Brennan | Cnuasach gearrscéalta | 7,000 | 0 | 0 | | | |
| F. Ó Murchadha | Ficsean an mhargaidh - úrscéal | 4,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| P. Mac an Bhaird | Cnuasach filíochta | 5,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| C. Nic Aoidh | Cnuasach filíochta | 15,000 | 6000 | 6000 | 0 | 0 | 0 |
| Ceaití Ní Bheildiún | Filíocht | 4,000 | 4,000 | 4,000 | | | |
| S. Ó Coistín & C. Ó Bréartúin | Prós fáisnéise ár linne | 15,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Úna O'Boyle | Fáisnéis | 15,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| M. Ó Breartúin | Prós Fáisnéise | 5,000 | 5,000 | 5,000 | | | |
| M. Hussey | Saothair fásnéise – eolaíocht | 10,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| M. Hussey | Saothair fáisnéise – téamh domhanda | 5,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| D. Ó Gráinne | Leabhar staire & beatháisnéis | 12,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| R. Ó Snodaigh | Saothair fáisnéise | 4,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| P. Ó Fearáil | Beatháisnéis | 12,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Liam Prút | Beatháisnéis | 3,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| A. Ó Cathasaigh | Beatháisnéis | 15,000 | 6,000 | 3,600 | 2,400 | | |
| Coiscéim | Riarachán | 24,000 | 7,000 | 3,000 | 4,000 | | |
| | **Iomlán** | **206,000** | **42,000** | **31,600** | **10,400** | **0** | **0** |

***Futa Fata***

| **Scríbhneoir** | **Réimse** | **Méid iarrtha** | **Molta** | **Buiséad measta 09** | **Buiséad measta 2010** | **Buiséad measta 2011** | **Buiséad measta 2012** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A. Nic Giolla Bhrighde | Pictiúrleabhar do pháistí | 3,000 | 3,000 | 3,000 | | | |
| P. Forde | Pictiúrleabhar do pháistí | 3,000 | 3,000 | 3,000 | | | |
| B. Breathnach | Pictiúrleabhar do pháistí | 3,000 | 3,000 | 3,000 | | | |
| T. Mac Dhonnagáin | Cnuasach amhráin do pháistí | 7,000 | 7000 | 7000 | | | |
| A. Garavaglia | Saothair fáisnéise do dhaoine óga | 10,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| S. Ó Gráinne | Agallaimh beirte | 9,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| B. Ní Shúilleabháin | Dánta traidisiúnta | 10,000 | 7,000 | 1,400 | 5,600 | | |
| T. Mac Dhonnagáin | Prós fáisnéis/beathháisnéis | 15,000 | 11,000 | 2,200 | 8,800 | | |
| Futa Fata | Riarachán | 8,000 | 6,000 | | 4,000 | 2,000 | |
| | **Iomlán** | **68,000** | **40,000** | **19,600** | **18,400** | **2,000** | **0** |

***Leabhar Breac***

| **Scríbhneoir** | **Réimse** | **Méid iarrtha** | **Molta** | **Buiséad measta 09** | **Buiséad measta 2010** | **Buiséad measta 2011** | **Buiséad measta 2012** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| D. Scolaí | Saothair do pháistí | 7,500 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| D. Ó Scolaí | Saothair do dhéagóirí | 10,000 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| L. Mac Cóil | Úrscéal do dhéagóirí | 15,000 | 10,000 | 10,000 | | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S. Mac Mathúna | Úrscéal do dhéagóirí | 15,000 | 11,000 | 11,000 | | | |
| Leabhar Breac | Riarachán | 4,000 | 2,000 | | 2,000 | | |
| | **Iomlán** | **51,500** | **23,000** | **21,000** | **2,000** | **0** | **0** |

***Cló Mhaigh Eo***

| **Scríbhneoir** | **Réimse** | **Méid iarrtha** | **Molta** | **Buiséad measta 09** | **Buiséad measta 2010** | **Buiséad measta 2011** | **Buiséad measta 2012** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A. Ní Ghlinn | Filíocht do léitheoirí óga | 10,000 | 9,000 | 5,400 | 3,600 | | |
| Cló Mhaigh Eo | Riarachán | 1,000 | 1,000 | | 1,000 | | |
| | **Iomlán** | **11,000** | **10,000** | **5,400** | **4,600** | **0** | **0** |

***An Sagart***

| **Scríbhneoir** | **Réimse** | **Méid iarrtha** | **Molta** | **Buiséad measta 09** | **Buiséad measta 2010** | **Buiséad measta 2011** | **Buiséad measta 2012** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| M. Ní Mhurchú | Dramaíocht do dhaoine óga | 10,000 | 5,000 | 3,000 | 2,000 | | |
| An Sagart | Riarachán | 1,000 | 1,000 | | 1,000 | | |
| | **Iomlán** | **11,000** | **6,000** | **3,000** | **3,000** | **0** | **0** |

***An Gúm***

| **Scríbhneoir** | **Réimse** | **Méid iarrtha** | **Molta** | **Buiséad measta 09** | **Buiséad measta 2010** | **Buiséad measta 2011** | **Buiséad measta 2012** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E. Ní Dhonnchadha | Cumadóireacht do dhaoine óga | 4,000 | 4,000 | 4,000 | 0 | | |
| An Gúm | Riarachán | | | | | | |
| | **Iomlán** | **4,000** | **4,000** | **4,000** | **0** | **0** | **0** |

***An tSnáthaid Mhór***

| **Scríbhneoir** | **Réimse** | **Méid iarrtha** | **Molta** | **Buiséad measta 09** | **Buiséad measta 2010** | **Buiséad measta 2011** | **Buiséad measta 2012** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C. Níc Sheáin | Cumadóireacht do dhaoine óga | 10,000 | 2,500 | 2,500 | 0 | | |
| Taighde amháin-ní bheadh foilsiú i gceist | Riarachán | | | | | | |
| | **Iomlán** | **10,000** | **2,500** | **2,500** | **0** | **0** | **0** |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Mór-iomlán** | | **485,500** | **206,500** | **110,900** | **79,800** | **13,800** | **2,000** |

## Scéim na nOidí

| **Ábhar Scríbhneora** | **Réimse** | **Moladh** | **Deontas** | **Buiséad measta 09** | **Buiséad measta 2010** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Colm Ó Ceallacháin | Prós eachtraíochta | Glacadh | 3850 | 1000 | 2850 | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Caitríona Ní Chléirchín | Filíocht; ailt nuachtáin agus léirmheasanna | Glacadh | 3850 | 1500 | 2350 |
| Proinsias Mac a'Bhaird | Filíocht | Glacadh | 3850 | 1000 | 2850 |
| Tiarnán De Hál | Fíorscéal, dialann, beatháisnéis, gearrscéalta | Diúltú | 0 | 0 | 0 |
| Orna Ní Choileáin | Ficsean, gearrscéalta, úrscéalta | Glacadh | 3850 | 1500 | 2350 |
| Rosie Ní Dhuinn | Prós, úrscéal | Glacadh | 3850 | 1000 | 2850 |
| Bríd Ní Chualáin | Drámaíocht | Glacadh | 3850 | 1500 | 2350 |
| | | | | | |
| **Iomlán** | | | **23100** | **7500** | **15600** |

## Scéim na Scoláireachtaí Taighde

| Scríbhneoir | Réimse liteartha | Méid iarrtha | Molta | Buiséad measta 09 | Buiséad measta 2010 | Buiséad measta 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Déaglán Ó Máirtín | Stair na hÉireann; cártaí poist a phlé ceisteanna polaitíochta agus i gcartúin mar an gcéanna. | 1,525.00 | 0.00 | 0.00 | | |
| Caitríona Ní Chonaola | Drámaíocht na Gaeilge; amhranaíocht nua-chumtha; An gearrscéal; scripteanna do dhaoine óga; | 3,000.00 | 0.00 | 0.00 | | |
| Siobhán Ní Shíthigh | Filíocht agus scéalta don óige | 9,600.00 | 0.00 | 0.00 | | |
| Domhnall Mac Síthigh | Dánta agus aistí | 3,000.00 | 600.00 | 600.00 | | |
| Áine Ní Ghlinn | Spéis aici i ngach gné den litríocht ach le roinnt blianta ag díriú ar litríocht do léitheoirí óga; | 3,000.00 | 0.00 | 0.00 | | |
| Niamh Ní Lochlainn | An Fhilíocht | 450.00 | 0.00 | 0.00 | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Rosie Ní Dhuinn | Úrscéal,Prós, béaloideas | 6,000.00 | 0.00 | 0.00 | | |
| | | | | | | |
| **Iomlán** | | **26,575.00** | **600.00** | **600.00** | **0.00** | **0.00** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Móriomlán na scéimeanna scríbhneoireachta** | **230,200.00** | **119,000.00** | **95,400.00** | **13,800** | **2,000** |
| | | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** |

**Miontuairiscí an 76ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Déardaoin 16 Iúil agus Dé hAoine 17 Iúil 2009 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

**Déardaoin 16 Iúil 2009**

**I láthair:** Liam Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), É. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), C. Nic Pháidín, É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, P. Ó Biadha, M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews, A. Nic Chárthaigh, S. Breathnach

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.

**Leithscéal:** L. Kennedy, D. Ó Béarra, L. Bhreatnach, N. Henry, P. Gallagher agus É. Ó hArgáin.

**01.76 TUAIRISC MAZARS AR AN ATHBHREITHNIÚ AR NA hEAGRAIS BHUNMHAOINITHE**

Tugadh cur síos ar an phlé a bhí ann ag an chruinniú den CATT ar 09 Iúil 2009 maidir leis an ábhar seo. Lean plé faoin athbhreithniú ar na heagrais agus roghanna éagsúla maoinithe sa todhchaí. Aontaíodh go gcuirfí comhchoiste le chéile le moltaí a dhéanamh faoin phróiseas bunmhaoinithe agus le hamscálaí a leagan síos dó. Ar an chomhchoiste seo beidh Cathaoirleach Choiste na nDeontas, Cathaoirleach an Choiste Polasaí agus Pleanála agus comhalta amháin as gach Coiste acu. Aontaíodh go ndéanfadh an Coiste seo agus an feidhmeannas cur i láthair ar na dúshláin srl ag cruinniú leis na heagrais. Aontaíodh go gcuirfeadh an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach litir chuig na heagrais, ar son an Bhoird, ag cur in iúl go raibh Foras na Gaeilge ag plé an phróisis maoinithe. Aontaíodh go guirfeadh an Comhchoiste litir chuig an Aire Ó Cuív ag cur síos ar an chur chuige agus na hamscálaí.

**02.76 STRAITÉIS IDIRLÍN DON ÓIGE**

Tháinig B. Mac Craith, Feidhmeannach Sinsearach: Teicneolaíocht na Faisnéise agus T. Ní Longáin, MediaOne, isteach don mhír seo. Bhí plé ag an Bhord faoin cháipéis maidir le straitéis idirlín don óige a bhí faoina mbráid. Aontaíodh go ndéanfaí an straitéis a nótáil. Aontaíodh ar phróiseas comhairliúcháin 10 seachtain don straitéis. Aontaíodh chomh maith go dtiocfadh an feidhmeannas ar ais le cáipéis breise a chuimseodh:

- Straitéis beachtaithe i gcomhthéacs an phróisis chomhairliúcháin, a chuimseodh taighde ar a bhfuil ag tarlú i dteangacha áirithe eile,
- Plean gnímh agus buiséad.

**03.76 TUAIRISC ÓN CHOISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA**

Glacadh leis an rún leasaithe seo ón Choiste maidir le seirbhís rúnaíochta ag cruinnithe iata den Bhord: 'Ceapfaidh Bord Fhoras na Gaeilge comhalta Boird le feidhmiú mar rúnaí ag aon seisiún iata atá ag cruinnithe den Bhord. Beidh ar an chomhalta seo idirghabháil a dhéanamh leis an Phríomhfheidhmeannach maidir le miontuairiscí, cinntí agus aon socrú eile ón seisiún seo.'

## 04.76 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE COLMCILLE

Thug an Bord suntas don nóta eolais agus cuireadh in iúl go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ann ar 8 & 9 Deireadh Fómhair 2009 in Albain.

## 05.76 IONADAÍOCHT AR CHOISTÍ SEACHTRACHA

**D'fhág C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Bhí liosta d'ionadaithe an Fhorais ar choistí faoi bhráid an Bhoird mar eolas. Ceapadh ionadaithe nua an Fhorais ar choistí seachtracha mar ata leagtha amach in Aguisín 1. Aontaíodh go mbeadh tuairisc scríofa bhliantúil ó na hionadaithe ar na coistí éagsúla ar fáil don Bhord.

**D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.**

## 06.76 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh cruinniú CATT ann Déardaoin 9 Iúil 2009 i nGaoth Dobhair agus thug sé tuairisc ó bhéal ar an chruinniú.
- Go raibh cruinniú ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus ag Pobal leis an Aire Ó Cuív ar 01 Iúil 2009 agus go raibh sé féin agus T. Ó Ruairc i láthair.
- Go raibh plé ag dul ar aghaidh le CCEA maidir leis an mhaoiniú atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais dóibh le haghaidh áiseanna agus go raibh coiste comhairleach le bunú agus go rabhthas ag súil go mbeadh ionadaíocht ag an Fhoras air.
- Gur éirigh le 19 aistritheoir sa scrúdú deireanach le haghaidh Séala an Aistriúchain agus go bhfuil 142 aistritheoir creidiúnaithe ar phainéal an Fhorais anois.
- Go raibh cruinniú ag an Leas-Chathaoirleach agus aige féin leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar 13 Iúil 2009 ag ar cuireadh in iúl go raibh gach eolas maidir le cúrsaí pinsean curtha ar fáil.
- Go raibh an t-iniúchadh suímh ar ráiteas airgeadais Fhoras na Gaeilge 2008 ar siúl faoi láthair ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Go raibh fráma tagartha le haghaidh 'Quality Control Indicators' ullmhaithe ag an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, i gcomhar le cigireacht na Roinne Oideachais, do na heagrais a mhaoiníonn siad. Scaipeadh cóip ar na comhaltaí mar eolas.
- Go raibh cruinniú ag Bord an European Federation of National Institutions for Language (EFNIL) i gceannáras an Fhorais ar 30 Meitheamh 2009 agus go mbeadh an chomhdháil bhliantúil ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 4 agus 5 Samhain 2009.
- Go mbeadh cruinniú ag an Network for the Promotion of Linguistic Diversity (NPLD) sa cheannáras ar 23 Iúil 2009.
- Gur chuir an Roinn Airgeadais in iúl do Choiste na bPríomhfheidhmeannach don Scéim Pinsean Thuaidh/Theas nach mbaineann an Scéim Dhreasaithe Luathscor ná an cosc ar earcaíocht atá i bhfeidhm sa tseirbhís phoiblí ó dheas leis na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas.

## 07.76 NOTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

**Dé hAoine 17 Iúil 2009**

**I láthair:** Liam Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), É. Mac Cormaic (Leaschathaoirleach), C. Nic Pháidín, É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, P. Ó Biadha, M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews, A. Nic Chárthaigh, S. Breathnach agus L. Bhreatnach.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.

**Leithscéal:** L. Kennedy, D. Ó Béarra, N. Henry, P. Gallagher agus É. Ó hArgáin.

**08.76 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Scaipeadh cóip leasaithe de mhiontuairiscí ón chruinniú Boird den 15 Bealtaine. Moladh roinnt leasaithe eile agus aontaíodh go bpléifí iad ag seisiún iata den Bhord ag deireadh an chruinnithe. Aontaíodh go scaipfí an Meamram Airgeadais ar na comhaltaí arís agus go n-ullmhódh an Coiste Iniúchta moltaí don Bhord don athbhreithniú atá beartaithe ag na Ranna Urraíochta air.
Scaipeadh cóip leasaithe de na miontuairiscí den 19 Meitheamh 2009.

**09.76 TUAIRISC OIBRE**

Thug an Bord suntas don tuairisc oibre agus mhol siad an leagan amach nua.

**10.76 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 MEITHEAMH 2009 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2009**

Bhí ple ann faoi na réimsí lenar bhain cinneadh an rialtais ó dheas maidir le laghdú 8% a lorg ó sholáthróirí seirbhísí. (S180/20/10/0964C).

Nótáil an Bord an Ráiteas Caiteachais go dtí 30 Meitheamh 2009 agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2009.

Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

**11.76 COMHFHREAGRAS**

Ní raibh aon chomhfhreagras le plé.

**12.76 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ**

Aontaíodh tús a chur, in athuair, le próiseas tairisceana le haghaidh nuachtán seachtainiúil Gaeilge. Aontaíodh chomh maith go n-ullmhódh an Coiste stráitéis chuimsitheach d'earnáil na meán Gaeilge idir seo agus deireadh na bliana.

**13.76 MÁISTIR GRÉASÁIN AN FHORAIS 2009/2010**

Bhí nóta eolais faoi bhráid an Bhoird maidir le hobair an mháistir ghréasáin. Aontaíodh ar chonradh seirbhíse bliana le haghaidh mháistir gréasáin a fhógairt.

### 14.76 TUAIRISC Ó CHOISTE AN FHOCLÓRA

Nótáil an Bord an tuairisc ráithiúil.

Tuairiscíodh go raibh an Coiste ag réiteach pleananna eile sa chás go dteipfeadh ar an Fhoras na heochairphoist a bhí lorgtha a líonadh.

### 15.76 DÍLARÚ FHORAS NA GAEILGE

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh sé i gceist aige na poist i nGaoth Dobhair a fhógairt muna mbeadh dáta ar fáil maidir le cruinniu sa Chúirt Oibreachais faoi dheireadh an lae.

### 16.76 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

**D'fhág Á. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

__Campaí Samhraidh__

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha | Méid molta 2009 |
|---|---|---|---|
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain - Campa Samhraidh Mhic Reachtain | 0901640.17 | £2,040stg | £2,040stg |
| An Droichead - Campa Samhraidh 1 | 0901640.18 | £3,500stg | £3,500stg |
| An Droichead - Campa Samhaidh 2 | 0901640.19 | £3,500stg | £3,500stg |
| Gaeilge Locha Riach - Campa Bhaile Locha Riach | 0901640.20 | €2,428.68 | €2,428.68 |
| Ionad Uíbh Eachach - Ionad Uíbh Eachach Scéim Samhraidh | 0901640.24 | £3,500stg | £3,500stg |
| Na Macallaí - Campa Samhraidh na Sláine | 0901640.25 | €3,570 | Diúltú |
| Ógras - Campa Mhainistir na gCorann | 0901640.28 | €790 | €770 |
| Ógras - Gaelscoil Aogáin | 0901640.29 | €640 | €640 |
| Ógras - Campa Sliabh Luachra | 0901640.30 | €700 | €700 |
| Ógras - Campa Samhraidh Ógras Uachtar Árd | 0901640.31 | €2,900 | €2,900 |
| Ógras - Campa Samhraidh Ógras Áras na nGael | 0901640.32 | €2,500 | €2,500 |
| Ógras - Campa Samhraidh Ógras an Ghrianáin | 0901640.33 | £3,500stg | Diúltú |
| Togra Mhaigh Eo - Clár Chlainne Mhuiris | 0901640.35 | €1,400 | Diúltú |

__Scéim Imeachtaí Óige__

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha | Méid molta |
|---|---|---|---|
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain - Club Óige - Ceardlann Gaeilge d'iarrdhaltaí na mbunsoileanna lán-Ghaeilge | 0901640.45 | £2,320stg | Diúltú |
| An Droichead | 0901640.48 | £3,484stg | £3,484stg (2009) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| -Óige Feirste! Clár Óige an Fhómhair 2009 | | | |
| An Droichead<br>- Óige Feirste! Clár Óige an Earraigh 2010 | 0901640.49 | £3,484stg | £3,484stg (2010) |
| An Gaeláras<br>- Spraoi | 0901640.50 | £3,120stg | Diúltú |
| Glór na Móna<br>- Imeachtaí Óige | 0901640.55 | £3,500stg | £3,500stg<br>(2009: £1,765stg<br>2010: £1,735stg) |
| Ionad Uíbh Eachach<br>- Cumann Iarscoile Ionad Uíbh Eachach | 0901640.56 | £3,500stg | £3,500stg<br>(2009: £1,400stg<br>2010: £2,100stg) |
| Na Macallaí<br>- Club G | 0901640.57 | €4,720 | Diúltú |
| Ógras<br>- Lá Ionad Eachtraíochta | 0901640.58 | €3,440 | €3,440 (2009) |
| Ógras<br>- Club Óige Dhún Phádraig | 0901640.59 | £3,500stg | €2,457<br>(2009: €1,229<br>2010: €1,228) |
| Ógras<br>- Lá Eachtraíochta 1 | 0901640.63 | £3,500stg | €4,118 (2009) |
| Ógras<br>- Lá Eachtraíochta 2 | 0901640.60 | £3,500stg | €4,118 (2010) |
| Ógras<br>- Lá Eachtraíochta Óg-Ógras 1 | 0901640.62 | £3,500stg | €4,118 (2009) |
| Ógras<br>- Lá Eachtraíochta Óg-Ógras 2 | 0901640.61 | £3,500stg | €4,118 (2010) |
| Ógras<br>- Club Óige na Gildíní - Léim an Bhradáin | 0901640.64 | €5,000 | €5,000<br>(2009: €3,045<br>2010: €1,955) |
| Ógras<br>- Club Óige Nás na Ríogh | 0901640.65 | €5,000 | Diúltú |
| Ógras<br>- Club Óige Dhéagláin | 0901640.66 | €5,000 | €5,000<br>(2009: €2,890<br>2010: €2,110) |
| Ógras<br>- Óige Ghleann na Life | 0901640.67 | €5,000 | €5,000<br>(2009: €2,890<br>2010: €2,110) |

Moladh suim nach mó ná €86,363 do Scéim na gCampaí Samhraidh i 2009 agus suim nach mó ná €102,456 don Scéim Óige mar a shonraítear thíos:

| Uimhir chuntais 6301999 | | | |
|---|---|---|---|
| | 2009<br>€ | 2010<br>€ | Iomlán<br>€ |
| Scéim Óige | 53,354 | 49,102 | 102,456 |
| Scéim na gCampaí Samhraidh | 86,363 | Ní/bh | 86,363 |
| | 139,717 | 49,102 | 188,819 |

Ghlac an Bord leis na moltaí thuasluaite i leith Campaí Samhraidh agus Scéimeanna Clubanna Óige.

**D'fhill Á. Andrews ag an phointe seo.**

Ghlac an Bord leis an liosta de shuimeanna le díscríobh in Aguisín 2.

**D'fhág C. Nic Pháidín, E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

**Club Leabhar Gaeilge ar Líne – Gaelchultúr**
Aontaíodh an t-iarratas seo a chur siar go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

**D'fhill C. Nic Pháidín, E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo.**

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Oideas Gael | 0901633 | €7,500 |

- Aontaíodh deontas nach mó ná **€5,000** a chur ar fáil d'Oideas Gael chun scoláireachtaí a bhronnadh ar dhaoine fásta ó Thuaisceart Éireann.

**Scéim Iris Leictreonach**
Thug an Bord cead don Choiste Nuachtán agus Irisí na critéir a bhí faoi bhráid an Bhoird a bheachtú nó a chuimsiú.

**Scéim na gComplachtaí Drámaíochta agus Scéim na bhFéilte**
Thug an Bord cead do Coiste na nDeontas na critéir don dá scéim seo a bhí faoi bhráid an Bhoird a bheachtú nó a chuimsiú.

Ghlac an Bord leis an nóta soiléirithe maidir le clár oibre agus buiséad leasaithe na n-eagras bunmhaoinithe. (Aguisín 3)

**17.76 COMHAIRLEOIR CAIDRIMH PHOIBLÍ**
Aontaíodh conradh bliana a fhógairt le haghaidh seirbhís chomhairleora caidrimh poiblí.

**18.76 CLÁR RIOSCA FHORAS NA GAEILGE**
Ghlac an Bord leis an chlár riosca leasaithe. Aontaíodh go mbeadh cóip den chlár riosca ar fáil ag gach cruinniú Boird.

**19.76 AON GHNÓ EILE**
Iarradh ar an fheidhmeannas breathnú ar na moltaí san "Report of the Special Group on Public Service Numbers and Expenditure Programmes" , na himpleachtaí don Ghaeilge dá gcuirfí i bhfeidhm na moltaí a aithint, agus na himpleachtaí a liostáil.

**20.76 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA**
Chuir Cathaoirleach an Choiste in iúl go mbeadh ball seachtrach nua le hainmniú ag an Choiste.
**Bhí seisiún iata ag an Bhord gan aon bhall ón fheidhmeannas i láthair.**

## Aguisín 1

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bhaol canbhasála.

## Aguisín 3

**Nóta soiléirithe ó Choiste na nDeontas**
**maidir le clár oibre is buiséad leasaithe na n-eagras bunmhaoinithe**

- Tá an sliocht seo a leanas sna litreacha tairisceana maidir le leasuithe ar an gclár oibre is ar an mbuiséad le linn aon bhliana ar leith:

*Go bpléifear agus go n-aontófar i scríbhinn le Foras na Gaeilge aon athrú ar ghné ar bith den chlár oibre nó den bhuiséad chomhaontaithe don tréimhse go Nollaig 2009.*

- Is minic a thagann eagrais chuig Foras na Gaeilge ag iarraidh sábháil i mír amháin den bhuiséad (tuarastal mar shampla) a chaitheamh ar sholáthar breise do thionscadal atá ceadaithe nó do thionscadal nua ar fad. É seo atá i gceist le leasuithe ar an gclár oibre nó ar an mbuiséad atá aontaithe le Foras na Gaeilge don bhliain sin.
- Sna cásanna seo, bíonn deifir orthu go minic an leasú a aontú le Foras na Gaeilge le gur féidir leo an tionscadal a bhrú chun cinn, go háirithe má tá siad ag obair i gcomhpháirt le heagraíocht eile.
- Le nach mbeadh bac ar chomhoibriú den chineál seo, agus leis an tseirbhís is éifeachtaí a chur ar fáil do na heagrais bhunmhaoinithe, ag cloí le rialachán corparáideach le linn an ama, deimhnítear gur féidir leis an bhfeidhmeannas plé le hiarratais ar leasuithe den chineál seo agus cinneadh a dhéanamh ina leith, taobh istigh den mhéid iomlán atá ceadaithe ag an mbord. Sonrófar aon athruithe mar seo i nóta eolais ag an gcéad chruinniú boird eile.
- Ar an ngnáthbhealach, is féidir leis an bPríomhfheidhmeannach aon iarratas ar leasú ar an gclár oibre nó ar an mbuiséad ó aon eagraíocht a chur ar aghaidh chuig an mBord má fheictear dó ar chúis ar bith go bhfuil gá leis.

**Miontuairiscí ón 77ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 18 Meán Fómhair 2009 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

| | |
|---|---|
| **I láthair:** | L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews, D. Ó Béarra, L. Bhreatnach, A. Nic Chárthaigh, L. Kennedy, C. Nic Pháidín agus P. Ó Gallchóir. |
| **Ag freastal:** | F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne. |
| **Leithscéal:** | S. Breathnach, P. Ó Biadha agus N. Henry. |

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh Pheadar Ó Gallchóir a bhí nuacheaptha ar Bhord Fhoras na Gaeilge.

**01.77 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí den 15 Bealtaine, 24 Bealtaine, 19 Meitheamh agus den 16 agus 17 Iúil agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Aontaíodh go mbeadh an cruinniú Boird i mí na Nollag i gCultúrlann Uí Chanáin i nDoire.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

**02.77 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ**

Thug Cathaoirleach an Choiste Nuachtán agus Irisí uasdátú ar an staid reatha maidir leis an phróiseas tairisceana don scéim nuachtán seachtainiúil Gaeilge. Aontaíodh go gceapfadh an Coiste saineolaí sa réimse le cuidiú leis an phróiseas measúnaithe.
Bhí plé ann maidir le hullmhú straitéis do na meáin Ghaeilge. Aontaíodh go n-ullmhófaí tuairisc don chéad chruinniú Boird eile maidir le buiséad srl.

**03.77 TUAIRISC ÓN CHOISTE FOCLÓRA**

Thug an Bord suntas don tuairisc ráithiúil agus don nóta eolais maidir le Painéal Aistritheoirí.

**04.77 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 LÚNASA 2009 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO DTÍ 31 NOLLAIG 2009**

Thuairiscigh an Príomhfheidhmeannach nach raibh buiséad 2009 glanta ag na Ranna Urraíochta fós ach go raibh cruinniú le bheith ann leis na Ranna ar 23 Meán Fómhair.
Nótáil an Bord an Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Lúnasa 2009 agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2009.

**05.77 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

**06.77 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh sé curtha in iúl ag an LeasPhríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais, T. Ó Ruairc, go raibh post nua faighte aige agus go mbeadh sé ag fágáil an Fhorais ar 05 Deireadh Fómhair. Ghabh an Príomhfheidhmeannach agus an Bord buíochas leis as an obair ar fad a rinne sé le Foras na Gaeilge.
- Go ndearna sé cur i láthair ag na Tithe Pairliminte ag Stormont ar 07 Meán Fómhair ar obair an Fhorais agus go bhfuarthas aischothú dearfach faoi. Aontaíodh gurbh fhiú fiosrú faoin chur i láthair a dhéanamh i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile.
- Go raibh éisteacht ar an chás maidir leis na 5 phost le haghaidh Gaoth Dobhair sa Chúirt Oibreachais ar 03 Meán Fómhair, go raibh an cás seolta ar ais chuig an Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais ar 15 Meán Fómhair agus go rabhthas ag fanacht ar scéal ón Choimisiún.
- Go mbeadh seimineár ag an Network for the Promotion of Linguistic Diversity (NPLD) maidir le téarmaíocht i mionteangacha i mBaile Átha Cliath ar 08 / 09 Nollaig agus go mbeadh seimineár eile acu, i bpáirt leis an RGPTG, maidir le Pleanáil Straitéiseach do Theangacha ar 10 / 11 Nollaig.
- Gur fógraíodh scéim de chuid Chlár na Leabhar Gaeilge maidir le ciste teoranta aonuaire.
- Gur seoladh áis a mhaoinigh an Foras faoin scéim áiseanna teagaisc 2008 ar 9 Meán Fómhair – Siollabas agus ábhar foghlama don chéad bhliain sa tríú leibhéal agus go raibh sé le feiceáil ar www.teagascnagaeilge.ie
- Go raibh Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach le ceapadh ar FNT. Moladh Ben Ó Floinn mar Chathaoirleach agus Máire Uí Bhriain mar Leas-Chathaoirleach.

Ghlac an Bord leis na moltaí.

### 07.77 COMHFHREAGRAS

Scaipeadh cóip de litreacha a tháinig isteach ó chúig eagras bunmhaoinithe maidir le cuíchóiriú na hearnála. Cuireadh in iúl gur éirigh Cathaoirleach Choiste na nDeontas as an Chomhchoiste a bunaíodh i mí Iúil le moltaí a dhéanamh faoin phróiseas bunmhaoinithe. Aontaíodh ainm an Chomhchoiste a athrú go "Coiste Forbartha" agus dheimhnigh an Bord comhdhéanamh leasaithe an choiste **(Aguisín 1)**. Cuireadh in iúl go raibh ceist maidir le baol choimhlint leasa ardaithe ag an Phríomhfheidhmeannach maidir le comhdhéanamh an choiste. D'aontaigh an Bord go bhféadfaí an baol seo a laghdú tríd an plé ag cruinnithe a choinneáil ag leibheál ginearálta. Aontaíodh go ndéanfadh an coiste téarmaí tagartha a ullmhú da réir agus iad a thabhairt ar ais chuig an chéad chruinniú Boird eile.

### 08.77 TUAIRISC OIBRE

Thug an Bord suntas don tuairisc oibre.

### 09.77 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

| **Eagraíocht** | **Cód uimhir** | **Méid iarrtha** |
|---|---|---|
| Gaelchultúr Teoranta | 0901672 | €275,000 |

Moladh deontas nach mó ná **€92,000** a chur ar fáil do Ghaelchultúr Teoranta ar an choinníoll go gcuirfí an t-ábhar teagaisc a ullmhófaí le maoiniú an Fhorais ar fáil go poiblí.

| Eagraíocht | Cód uimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Bláthanna | 0901646 | £15,000 |

Moladh deontas nach mó ná **£12,000** (£6,000 i 2009 agus £6,000 i 2010) a chur ar fáil do Bhláthanna.

| Eagraíocht | Cód uimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Coláiste Ollscoile Naomh Muire | 0901663 | £3,100 |

Moladh deontas nach mó na **£2,850** a chur ar fáil do Choláiste Ollscoile Naomh Muire.

| Eagraíocht | Cód uimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal faoi chúram Choláiste Phádraig, Droim Conrach | 0901679 | €65,000 |

Moladh deontas nach mó na **€64,745** (€13,745 i 2009 agus €51,000 i 2010) a chur ar fáil do Choláiste Phádraig, Droim Conrach ar son na Meithle um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal.

Pléadh an Nóta Soiléirithe agus an moladh ó Choiste na nDeontas maidir le clár oibre agus buiséad leasaithe d'eagraíochtaí / deonaithe.

Ghlac an Bord leis na moltaí thuasluaite.

**Clár na Leabhar Gaeilge**

**D'fhág C. Nic Pháidín, E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí an seomra mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

| Eagraíocht | Cód uimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Club na Leabhar Gaeilge ar Líne (Gaelchultúr) | CNLG09000 | €23,300 |

Moladh deontas nach mó ná **€19,100** (€13,100 i 2009 agus €6,000 i 2010) a chur ar fáil do Ghaelchultúr ar an choinníoll go mbeadh cómhaoiniú ar fáil ón Chomhairle Ealaíon agus go gcuirfeadh Gaelchultúr miontuairisc ar an obair theicniúil ar fáil leis an éileamh ar íocaíocht.

**D'fhill C. Nic Pháidín, E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo.**

**Scríobh Leabhar – Scéim 2009/2010**

| | Caiteachas measta 2010 |
|---|---|
| Na hIonaid Oideachais | €13,500 |
| Na cúrsaí | €1,500 |
| CD | €10,000 |
| Iomlán | €25,000 |

Moladh suim nach mó ná **€25,000** a cheadú do Scríobh Leabhar do 2010.

Ghlac an Bord leis na moltaí.

**GLEO (Gaeilge Labhartha san Earnáil Oideachais)**
**Scéim 2009/2010**

| | Caiteachas do 2010 |
|---|---|
| Ciste na ngradam aitheantais | €54,000 |
| Costais moltóirí 2010 (Táille, taisteal agus cothabháil) | €28,000 |
| Iomlán | €82,000 |

Moladh suim nach mó ná **€82,000** a cheadú do GLEO 2009/2010 i 2010.

Ghlac an Bord leis an moladh.

**Colmcille**

**D'fhág L. Ó Maolmhichíl, D. Ó Murchú agus D. Ó Béarra an seomra mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh E. Mac Cormaic sa chathaoir**

Cuireadh in iúl go raibh dhá iarratas istigh ag Colmcille a bhí ceadaithe i bprionsabal ag Bòrd na Gàidhlig.

| Eagraíocht | Tionscadal |
|---|---|
| The Camanachd Association | Cluiche shinty idirnáisiúnta agus poiblíocht gaolmhar |

Moladh suim nach mó ná £9,200 a chur ar fáil don Camanachd Association.

| Eagraíocht | Tionscadal |
|---|---|
| The Camanachd Association | Cuairt Chumann Mhíchíl Breathnach ar Oileán Sgiathánach |

Moladh suim nach mó ná £9,500 a chur ar fáil don Camanachd Association.

Ghlac an Bord leis na moltaí.

**D'fhill L. Ó Maolmhichíl, D. Ó Murchú agus D. Ó Béarra ag an phointe seo agus chuaigh L. Ó Maolmhichíl sa chathaoir arís.**

### 10.77 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA

Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl go raibh cruinniú ag an choiste an oíche roimhe agus go scaipfeadh sé tuairisc faoi go luath. Chuir sé in iúl go raibh moladh ann Ciarán Ó hÓgartaigh a cheapadh mar bhall seachtrach ar an choiste.
Ghlac an Bord leis an mholadh.
Cuireadh Clár Riosca leasaithe a phléadh ag an Choiste Iniúchta faoi bhráid an Bhoird.
Ghlac an Bord leis.
Aontaíodh go mbeadh an clár riosca ar an chlár don chéad chruinniú eile den Bhord.
Cuireadh in iúl go raibh tuairisc an Iniúchóra Inmheanaigh le plé ag an Choiste arís agus go mbeadh sé ag teacht ansin chuig an Bhord.

### 11.77 AON GHNÓ EILE

Bhí plé ann faoi chomhfhreagras a bhí faighte ag an Chathaoirleach.

## 12.77 SEISIÚN IATA AG AN BHORD
Bhí seisiún iata ag an Bhord gan aon bhall den fheidhmeannas i láthair.

**Aguisín 1**

An Coiste Forbartha

Ní fhoilsítear an t-eolas seo a bhaineann le ballraíocht an Choiste de bharr baol canbhasála.

**Miontuairiscí ón 78ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 16 Deireadh Fómhair 2009 in Oifigí Tha Boord o Ulster Scotch, 68-72 Mórshráid Victoria, Béal Feirste.**

| | |
|---|---|
| **I láthair:** | L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leaschathaoirleach), É. Kinch, C. Nic Pháidín, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, P. Ó Gallchóir, D. Ó Béarra, S. Breathnach, A. Nic Chárthaigh, M. Nic Giolla Mhichíl, L. Bhreatnach agus Á. Andrews. |
| **Ag freastal:** | F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin, S. Ó Cearnaigh agus S. Uí Choinne. |
| **Leithscéal:** | P. Ó Biadha, L. Kennedy agus N. Henry. |

## 01.78 MIONTUAIRISCÍ 18 MEÁN FÓMHAIR 2009 AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Aontaíodh ar an leasú seo a leanas ar mhír 09.77 Moltaí ó Choiste na nDeontas – Meitheal um Theagasc na Gaeilge. Roimh an phlé tá:
"D'fhág M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa", agus i ndiaidh an phlé;
"D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl ar an chruinniú i ndiaidh an phlé."

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Ar cuireadh ón Bhord labhair an Clárbhainisteoir: Pleanáil Chorparáideach faoin ról s'aige mar Oifigeach um Shaoráil Faisnéise agus foilsiú miontuairiscí.
Aontaíodh go gcuirfí tuairisc scríofa faoin ábhar seo ar fáil don chéad chruinniú boird eile.

## 02.78 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Scaip an Príomhfheidhmeannach tuairisc uasdátaithe ar an Bhord. Chuir sé in iúl go raibh cruinniú leis na Ranna urraíochta ar an Chéadaoin 23 Meán Fómhair 2009 i mBéal Feirste ag ar cuireadh in iúl

- Go gcuirfí fáilte roimh aighneacht ar an Mheamram Airgeadais ach gur chóir cuimhniú go raibh an meamram, don chuid is mó, comónta do na Comhlachtaí Forfheidhmithe ar fad.
- Gurb é an Roinn Airgeadais agus Pearsanra a bhí ag glacadh cinnireachta ar an athbhreithniú.
- Gurb é an ráta malartaithe a bheadh ann do 2010 ná: €1 = £0.89.
- Go raibh clár ama ann le haghaidh faomhadh Plean Gnó 2010.
- Go rabhthas ag súil go mbeadh cruinniú den CATT ann ar 02 Nollaig.

Ag an chruinniú seo chomh maith pléadh:

- Foilsiú miontuairiscí Boird
- Ceist an chuíchóirithe.

Chuir sé in iúl freisin:

- Go raibh plé leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus na ceardchumainn maidir leis na poist i nGaoth Dobhair. (Scaipeadh an moladh a bhí déanta ag an Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais.)

- Gur fógraíodh post an LPF/SSO agus gurb é an sprioc le haghaidh iarratas ná 23 Deireadh Fómhair
- Gur fógraíodh an conradh le haghaidh seirbhísí tacaíochta ríomhaireachta agus go raibh síneadh míosa le cur leis an chonradh reatha
- Go raibh scríofa chuig Rúnaí an Chomhchoiste um Ealaíon, Spórt, Turasóireacht, Pobal, Tuaithe agus Gaeltachta ag Tithe an Oireachtais maidir le cur i láthair ar obair an Fhorais.

Aontaíodh go gcuirfí tuairisc ar fáil don chéad chruinniú Boird eile maidir leis na folúntais agus na poist nua faofa i nGaoth Dobhair agus i mBaile Átha Cliath. Ardaíodh ceist faoi fhógairt phost an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh agus líon na ndaoine a bheadh ar an phainéal agallóireachta. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gurb é an comhdhéanamh don phainéal agallóireachta don phost seo faoin pholasaí faofa ag an Bhord ná: An Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus triúr ó shaol na Gaeilge bainteach leis an réimse oibre móide breathnóir neamhspleách gan vóta. Chinn an Bord go mbeadh níos mó ionadaíochta acu ar an phainéal seo agus go mbeadh beirt ón Bhord, roghnaithe ag an Chathaoirleach, mar aon leis an Chathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach, duine seachtrach agus breathnóir neamhspleách ar an phainéal.

### 03.78 PLEAN GNÓ 2009 AGUS DRÉACHTPHLEAN GNÓ AGUS MEASTACHÁIN 2010

Glacadh le Plean Gnó leasaithe 2009 bunaithe ar €21,302,494 a bheith ar fáil ó na Ranna – figiúirí táscacha 2009 lúide 3% sábháiltí éifeachtúlachta – mar a cuireadh in iúl ag cruinniú leis na Ranna ar 23 Meán Fómhair.
Nótáil an Bord Dréachtphlean Gnó 2010 agus cuireadh siar plé ar an Dréachtphlean go dtí cruinniú na Samhna. Aontaíodh go gcuirfí Dréachtphlean Gnó 2010 chuig na Ranna agus go gcuirfí in iúl dóibh go raibh an Bord iontach míshásta leis an fhógra gairid a bhí acu chun an dréachtphlean a phlé. Aontaíodh go gcuirfí tuairisc ar fáil ag sonrú na réimsí difríochtaí is mó idir Plean Gnó 2009 agus 2010.
Aontaíodh féilire na bliana maidir le cruinnithe boird agus an clár oibre dóibh a ullmhú.

| Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise. |
|---|

### 04.78 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

Tháinig S. Ó Coinne, Clárbhainisteoir Oideachais, isteach chun an chruinniú don mhír seo.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Iontaobhas na Gaelscolaíochta - Ciste Forbartha Naíscolaíochta | 0901621 | £310,000 |

Moladh deontas nach mó ná **£113,400** (£27,234 i 2010, £51,700 i 2011 agus £34,466 i 2012) a chur ar fáil d'Iontaobhas na Gaelscolaíochta.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Iontaobhas na Gaelscolaíochta – Straitéis Bhailithe Airgid | 0901620 | £214,824 |

Moladh deontas nach mó ná **£18,371** don tréimhse 01/10/09 go 31/12/09 a chur ar fáil d'Iontaobhas na Gaelscolaíochta.

**D'fhág C. Nic Pháidín agus S. Ó Cearnaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

**Ciste Teoranta Aonuaire d'Fhoilsitheoirí**
Glacadh leis na moltaí atá leagtha amach in **Aguisín 1**.

**Cumann Leabharfhoilsitheoirí Éireann (CLÉ)**
**CNLG09002 Leabhar Power**
Moladh suim nach mó ná €20,500 a chur ar fáil do CLÉ chun Leabhar Power a reáchtáil don tréimhse ó 16 Deireadh Fómhair 2009 go 31 Nollaig 2009.

**CNLG09003 Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath**
Moladh suim nach mó ná **€10,000** a chur ar fáil do CLÉ chun Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath a reáchtáil. (€4,500 i 2009 agus €5,500 i 2010)

Ghlac an Bord leis na moltaí thuasluaite.

**CNLG Feachtas na Nollag**
Eagraíodh Feachtas na Nollag le linn Samhain 2008 agus bhí iarratas faoi bhráid ceann eile a reáchtáil idir seo agus deireadh na bliana. Aontaíodh feachtas a reáchtáil briste síos mar seo a leanas:

Margaíocht €30,000 – costais le comórtais a reáchtáil ar stáisiúin raidió éagsúla.
Feachtas fógraíochta raidió €55,300

**CNLG Scéimeanna Scríbhneoireachta**
Glacadh leis na leasuithe buiséid leagtha amach in **Aguisín 2**.

**D'fhill C. Nic Pháidín agus S. Ó Cearnaigh ag an phointe seo.**

**Critéir do scéim na bhFéilte agus do Scéim na gComplachtaí Drámaíochta**
Ag éirí as an gCruinniú Boird ar 17 Iúil phléigh Coiste na nDeontas na critéir do 'Scéim na bhFéilte' agus do 'Scéim na gComplachtaí Drámaíochta' ar 2 Deireadh Fómhair. Thuairiscigh Cathaoirleach an Choiste nach raibh aon leasuithe le moladh.

**Coiste Cholmcille**
Chuir Cathaoirleach Choiste Cholmcille moltaí ón choiste faoi bhráid an Bhoird;

| | |
|---|---|
| An Leabhar Mór | £13,711 |
| Scannáin Gallan | £4,700 |
| Gaidhlig ann an Éireann | €3,655 |

Ghlac an Bord leis na moltaí.

**D'fhág S. Ó Coinne an cruinniú ag an phointe seo.**

**05.78 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ**
Thug Cathaoirleach an Choiste Nuachtán agus Irisí tuairisc ar an staid reatha maidir leis an scéim nuachtán seachtainiúil Gaeilge.
Ghlac an Bord le moltaí an Choiste faoi théarmaí tagartha agus faoi bhuiséad do thuairisc ar straitéis do na meáin Ghaeilge in **Aguisín 3.**

**06.78 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 MEÁN FÓMHAIR 2009 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2009**
Scaipeadh cóip de litir a tháinig ón RCEF maidir le héilimh ar sciaranna buiséid go deireadh na bliana.
Chuir an SSC go raibh an buiséad athbhreithnithe léirithe sa ráiteas caiteachais ag teacht leis na figiúirí a bhí faofa níos túisce sa chruinniú mar chuid de Phlean Gnó 2009. Léirigh an buiséad athbhreithnithe reatha go mbeadh €1.561m nach mbeadh an Foras in ann tarraingt anuas i 2009. Bhí plé ann faoin tsuim seo agus aontaíodh go bhfágfaí faoin Chathaoirleach agus faoin Phríomhfheidhmeannach aon athrú is gá a chur i bhfeidhm ar an bhuiséad seo.
Ghlac an Bord leis an bhuiséad athbhreithnithe.

**07.78 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE bIARRATAIS AR DHEONTAIS**
Thug an Bord suntas don nóta eolais. Aontaíodh go mbeadh dáta faighte na n-iarratas san áireamh air amach anseo.

**08.78 CEAPADH COMHAIRLEORA CAIDIRMH PHOIBLÍ**
**D'fhág A. Nic Chárthaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**
Glacadh leis an moladh conradh bliana a thairiscint do Stillwater Communications le seirbhís caidrimh phoiblí a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge le héifeacht ó 01 Samhain 2009.
**Phill A. Nic Chárthaigh ar an chruinniú.**

**09.78 CEAPADH ÁISÍNEACHTA LE TACAÍOCHT A THABHAIRT i gCOMHAIR FORBAIRT INNEACHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ AR LÍNE**
Ghlac an Bord leis an moladh conradh nua bliana a thairiscint do MediaOne don tréimhse 1 Samhain 2009 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2010 chun tacaíocht a thabhairt d'Fhoras na Gaeilge i gcomhair forbairt inneachair agus seirbhísí ar líne.

**10.78 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA**
Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha tuairisc ar an chruinniú a bhí ann an oíche roimh ré.

**TUAIRISC ÓN CHOISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA**
Thug Cathaoirleach an Choiste Polasaí agus Pleanála tuairisc ar an chruinniú a bhí ag an Choiste an oíche roimhe. Chuir sí in iúl go raibh sí i ndiaidh bheith i dteagmháil leis an Chomhrúnaíocht faoi chleachtas rúnaíochta sna Comhlachtaí Forfheidhmithe. Aontaíodh go ndéanfadh an Príomhfheidhmeannach moltaí maidir leis na folúntais seachtracha atá tagtha chun cinn le himeacht an LPF/SSO.

**11.78 COMHFHREAGRAS**

Scaipeadh an litir a bhí faighte ón RGPTG maidir le tosaíochtaí an Aire i bPlean Gnó 2009.

**12.78 TUAIRISC OIBRE**
Thug an Bord suntas don tuairisc oibre.

**13.78 CLÁR RIOSCA FHORAS NA GAEILGE**
Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl nach raibh aon athrú ar an chlár riosca a mholadh.

**14.78 AON GHNÓ EILE**
Ardaíodh ceist faoin fhógra don phost mar LPF / SSO agus cuireadh in iúl gur mar sin a fógraíodh an post roimhe seo.

**15.78 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA**
Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl gur cuireadh an cruinniú den Choiste a bhí beartaithe don 15 Deireadh Fómhair ar athló.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**
**Cathaoirleach**
**20 Samhain 2009**

**Aguisín 1**
**Ciste Teoranta Aonuaire d'fhoilsitheoirí**

| Uimh. thagartha | Foilsitheoir | Méid iarrtha | Méid molta |
|---|---|---|---|
| CNLG09004 | An tSnáthaid Mhór | 35,764 | **6,000** |
| CNLG09005 | Cois Life | 14,736 | **14,736** |
| CNLG09006 | Cló Iar-Chonnachta | 26,360 | **26,210** |
| CNLG09007 | Futa Fata | 29,650 | **21,750** |
| CNLG09008 | Leabhar Breac | 32,930 | **12,970** |

Moltar suim nach mó ná **€81,666** do na foilsitheoirí thuasluaite don tréimhse ó 16 Deireadh Fómhair 2009 – 31 Nollaig 2009.

| Uimh. thagartha | Foilsitheoir | Méid iarrtha | Méid molta |
|---|---|---|---|
| CNLG09009 | An Sagart | 12,000 | **0** |
| CNLG09010 | Coiscéim | 65,110 | **0** |

Moltar gan aon mhaoiniú a chur ar fáil do Choiscéim ná an Sagart ón gciste seo.

**Aguisín 2**

**Scéimeanna Scríbhneoireachta – leasuithe buiséad**

1. Tá na suimeanna seo a leanas do Scéim na gCoimisiún atá faoi láthair i mbuiséad 2009 le cur ar aghaidh chuig 2010 mar ní chaithfear an t-airgead le linn 2009. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €17,800.

| Scéim na gCoimisiún | Uimh thagartha | Ainm | € |
|---|---|---|---|
| 2009 | CLG08154 | A. Nic Giolla Bhríde | 1,200 |
| 2009 | CLG08155 | P. Forde | 1,200 |
| 2009 | CLG08156 | B. Breathnach | 1,200 |
| 2009 | CLG08157 | T. Mac Dhonnagáin | 5,600 |
| 2009 | CLG08161 | L. Mac Cóil | 4,000 |
| 2009 | CLG08168 | E. Ní Dhonnchadha | 1,600 |
| 2006 | CLG08064 | Cló Iar-Chonnachta | 1,000 |
| 2006 | CLG08079 | Leabhar Breac | 1,000 |
| 2006 | CLG08069 | Coiscéim | 1,000 |
| | | | |
| | | **Iomlán** | **17,800.00** |

2. Beidh na suimeanna seo a leanas atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le n-íoc anois i 2009 mar go mbeidh deireadh leis an coimisiún seo roimh dheireadh na bliana. An t-iomlán atá i gceist ná €9,200.

| Scéim na gCoimisiún | Uimh thagartha | Ainm | € |
|---|---|---|---|
| 2009 | CLG08166 | M. Ní Mhurchú | 2,000 |
| 2009 | CLG08158 | B. Ní Shúilleabháin | 2,800 |
| 2009 | CLG08159 | T. Mac Dhonnagáin | 4,400 |
| | | **Iomlán** | **9,200** |

**Scéim na Foilsitheoireachta 2009 – leasuithe buiséad**

Tá an maoiniú a cuireadh ar leataobh don fhoilsitheoir seo a leanas i mbliana le dí-scríobh mar nach bhfoilseofar an leabhar anois roimh dheireadh na bliana.

| Uimh thagartha | Foilsitheoir | Le dí-scríobh |
|---|---|---|
| CL08009T | Oidhreacht Chorca Dhuibhne | €7,366 |

**Aguisín 3**

## Tearmaí tagartha agus buiséad le haghaidh Straitéis do na Meán Ghaeilge

- straitéis ar na meáin Ghaeilge, idir chlóite agus ar líne a leagfaidh amach an bealach chun tosaigh d'Fhoras na Gaeilge sa réimse seo don tréimhse 2010 – 2015.

- Anailís a dhéanamh ar a bhfuil ar siúl sa réimse seo faoi láthair, go háirithe:
  Anailís a dhéanamh ar spriocghrúpaí atá ann faoi láthair agus an freastal atáthar a dhéanamh orthu,
  Bearnaí a aithint sa réimse seo dá réir

- Comparáid a dhéanamh idir an soláthar reatha seo sa Ghaeilge agus a bhfuil ar siúl sa réimse i dteangacha eile atá ionchurtha leis an Ghaeilge.

Moltar tairiscintí a lorg chun teacht ar dhuine/chomhlacht chun tabhairt faoin straitéis do na Meáin Ghaeilge agus buiséad uasmhéid de €15,000 a chur ar fáil don tionscnamh seo.

**Miontuairiscí ón 79ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 20 Samhain 2009 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.**

| | |
|---|---|
| **I láthair:** | L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), É. Kinch, C. Nic Pháidín, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, P. Ó Gallchóir, D. Ó Béarra, S. Breathnach, A. Nic Chárthaigh, M. Nic Giolla Mhichíl, L. Bhreatnach, Á. Andrews agus L. Kennedy. |
| **Ag freastal:** | F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne. |
| **Leithscéal:** | E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), P. Ó Biadha agus N. Henry. |

## 01.79 MIONTUAIRISCÍ DEN 16 DEIREADH FÓMHAIR AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Aontaíodh go mbeadh féilire cruinnithe na bliana réidh don chruinniú Boird i mí na Nollag agus go ndéanfaí plé ag an chruinniú sin ar na príomhghnéithe d'obair na bliana agus na cruinnithe ag a ndéanfaí plé orthu. Aontaíodh go ndéanfaí plé ar pholasaithe agus tosaíochtaí ag cruinniú Eanáir 2010. Aontaíodh go leasófaí na miontuairiscí le rá gur 'Léirigh comhalta Boird míshástacht nach raibh taithí nó saineolas san earnáil oideachais luaite go sonrach i measc na mbunriachtanas do phost an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais'.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Bhí plé faoin nóta eolais maidir le saoráil faisnéise a d'ullmhaigh an tOifigeach Shaoráil Faisnéise. Aontaíodh go gcuirfí liosta ar fáil don Bhord de chineálacha samplacha cáipéisí a bheadh díomhaithe faoi fhorálacha an Chóid Chleachtais um Shaoráil Faisnéise. Scaipeadh miontuairiscí ón seisiún gan an feidhmeannas 16 Deireadh Fómhair. Aontaíodh go gcuirfí miontuairiscí ó na seisiúin gan an feidhmeannas ar fáil in am feasta don leabhrán boird.
Ghlac an Bord leis na miontuairiscí den 16 Deireadh Fómhair ach an sliocht ón seisiún gan an feidhmeannas 16 Deireadh Fómhair a bheith curtha leo.
Glacadh leis an mholadh go bhfoilseofaí cinntí Boird i mBéarla ar shuíomh Fhoras na Gaeilge ag an am céanna leis na miontuairiscí i nGaeilge ach cinnteacht a bheith faighte ag an Phríomhfheidhmeannach ó na Ranna Urraíochta nach raibh an cinneadh seo ag sárú na reachtaíochta.

## 02.79 DRÉACHTPHLEAN GNÓ AGUS MEASTACHÁIN 2010

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Bhí plé ann faoi:

- thorthaí, mhonatóireacht agus tháscairí feidhmíochta a bheith curtha leis an phlean,
- idirdhealú a bheith déanta idir míreanna a bhí leanúnach agus míreanna nua,
- an Coiste Polasaí agus Pleanála le hamharc ar theimpléad don phlean gnó le haghaidh mí Eanáir agus

- an leagan reatha a bheith faofa / athruithe ag na Ranna Urraíochta.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh an leagan amach seo aontaithe ag na Ranna Urraíochta.

Aontaíodh go gcuirfeadh comhaltaí moltaí maidir le Plean Gnó 2010 chuig an fheidhmeannas i scríbhinn.

Aontaíodh cuireadh a thabhairt do shaineolaí ar ullmhú pleananna gnó agus straitéiseacha d'eagraíochtaí maoinithe labhairt leis an Bhord ag an chruinniú i mí Eanáir 2010.

## 03.79 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

| Eagraíocht | Cód uimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Ranganna Teoranta | 0901688 | €50,000 |

Moladh deontas nach mó ná **€30,000** a chur ar fáil do Ranganna Teoranta.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ghlac an Bord leis an mholadh.

**D'fhág M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Uimhir thagartha: 0901679

Ainm an Eagrais: An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal faoi chúram Choláiste Phádraig, Droim Conrach.

Ainm an Tionscadail: Siollabas agus Áiseanna Teagaisc don Ghaeilge ar an Tríú Leibhéal: Céim 2

| An dara próifíl |
|---|
| 2009 – €9,124.14 |
| 2010 – €55,620.86 |

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir leis an leasú próifíl.

Uimhir Thagartha: 0801426

Ainm an Eagrais: Preas Ultach

Ainm an Tionscadail: Bain Triail As agus Ar Ais Arís

| An dara próifíl |
|---|
| 2009 - £10,000 |
| 2010 - £4,188 |

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir leis an leasú próifíl

| Eagraíocht | Cód uimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad - Vifax don Ghaeilge | 0901700 | €14,674.29 |

Moladh deontas nach mó ná **€14,674.29** (€6,289 i 2009 agus €8,385.29 i 2010) a chur ar fáil d'Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

Ghlac an Bord leis an mholadh.

**D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo.**

Thug an Bord suntas do na nótaí eolais maidir leis an Áisaonad, Comhar na Múinteoir Gaeilge.

**D'fhág C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le Clár na Leabhar Gaeilge.

**D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.**

Ghlac an Bord leis an mholadh €19,400 a cheadú do LexMC le hobair bhreise a dhéanamh ar an fhoclóir.

**04.79 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ**
Ghlac an Bord leis an mholadh ón Choiste conradh le deontas i gcabhair nach mó ná €1,600,000 (€400,000 in aghaidh na bliana) ar feadh tréimhse an chonartha (Eanáir 2010 go Nollaig 2013) a thairiscint do Thorann na dTonn Teoranta chun nuachtán seachtainiúil uile-oileánda a fhoilsiú ar an gcoinníoll go mbeidh siad sásta conradh a shíniú chun sástacht an Choiste Nuachtán agus Irisí agus dlíodóir Fhoras na Gaeilge.

**05.79 TUAIRISC ÓN CHOISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA**
Chuir Cathaoirleach an Choiste Polasaí agus Pleanála in iúl go mbeadh moltaí le cur faoi bhráid an Bhoird maidir le rúnaíocht an Bhoird.

**06.79 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA**
Chuir Cathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl gur cuireadh ceistneoir amach chuig na heagrais bhunmhaoinithe agus go raibh 10 gceistneoir comhlánaithe faighte ar ais ó shin. Chuir sí in iúl go raibh grúpa oibre bunaithe ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge leis na heagrais le plé a dhéanamh ar an chuíchóiriú agus pléchaipéis a chur chuig an Fhoras freisin.

Aontaíodh cuireadh a lorg le cur i láthair a dhéanamh ag Tóstal na Gaeilge i mí Feabhra 2010.

**07.79 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 DEIREADH FÓMHAIR 2009 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE G0 31 NOLLAIG 2009**
Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe.
Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

**08.79 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS**
Pléadh na bealaí ina bhféadfaí ainmneacha stiúrthóirí comhlachta bainteach le hiarratais ar dheontas a chur ar fáil don bhord.

**09.79 COMHFHREAGRAS**
Thug an Bord suntas don chomhfhreagras a bhí faighte.

**10.79 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**
Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

1. Go raibh socrú déanta leis na ceardchumainn fríd an Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais go bhfógrófaí na 8 bpost úr – 5 le haghaidh Gaoth Dobhair agus 3 do Bhaile Átha Cliath mar aon le 8 bhfolúntas a bhí aitheanta le haghaidh Gaoth Dobhair. Fógrófar na folúntais atá aitheanta le haghaidh Gaoth Dobhair agus má éiríonn le ball den fhoireann reatha ceann acu a fháil beidh cead ag an duine sin feidhmiú sa phost i mBaile Átha Cliath.

   Go raibh an dá fholúntas a leanas a bhaineann le Colmcille le líonadh chomh maith:
   Comhordaitheoir Tionscadail – le bheith lonnaithe i nGaoth Dobhair nó in Albain.
   Oifigeach Feidhmiúcháin – le bheith lonnaithe i nGaoth Dobhair.

   Go raibh socrú déanta ag an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe & Gaeltachta go bhféadfaí an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a úsáid don phróiseas earcaíochta.

2. Go raibh na hiarratais ar an phost mar Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais faighte anois agus go raibh painéal agallaimh á bplé leis an Chathaoirleach.

3. Gur fógraíodh an conradh le haghaidh seirbhísí tacaíochta ríomhaireachta agus go raibh an painéal measúnaithe atá ag plé leis an ghnó ag lorg eolais breise eile ó na hiarrthóirí agus mar gheall air sin bheadh síneadh míosa eile le cur leis an chonradh reatha.

4. Go raibh folúntais le líonadh ar choistí / eagraíochtaí éagsúla mar gheall ar imeacht Thomáis Uí Ruairc, Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais. Ghlac an Bord leis na hainmniúcháin seo:

   An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnaithe (CNCM):
   F. Mac an Fhailigh

   Forbairt Naíonraí Teoranta (FNT):
   S. Ó Coinne, Clárbhainisteoir Oideachais.

   An Grúpa Comhairleach don Fhoireann Tacaíochta Dara Leibhéal:
   S. Ó Coinne, Clárbhainisteoir Oideachais, a cheapadh go dtí go gceaptar Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais nua.

   An Coiste um Áiseanna, Tacaíocht agus Curaclam (CATOC):
   S. Ó Coinne, Clárbhainisteoir Oideachais.

**11.79 TUAIRISC OIBRE**
Thug an Bord suntas don tuairisc oibre.

**12.79 CLÁR RIOSCA FHORAS NA GAEILGE**

Cuireadh in iúl go raibh athrú amháin le cur ar an chlár riosca maidir leis an phlean gnó. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh múnla nua curtha ar fáil ag an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ach nach raibh sé aontaithe ag na Ranna Urraíochta fós cé acu an mbainfeadh sé le Foras na Gaeilge nó nach mbainfeadh.

**13.79 AON GHNÓ EILE**

D'iarr M. Nic Giolla Mhichíl go scríobhfadh Foras na Gaeilge litir le moladh go gceapfaí í ar Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath. Thoiligh an Bord lena hiarratas.
Cuireadh in iúl go rabhthas ag iarraidh cruinniú den Fhoras Teanga a eagrú i mí na Nollag.

**14.79 CUR I LÁTHAIR Ó STILLWATER COMMUNICATIONS**

Rinne ionadaithe ó Stillwater Communications cur i láthair ar an chur chuige a bheidh acu maidir le caidreamh poiblí a dhéanamh d'Fhoras na Gaeilge.

**15.79 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA**

Ní raibh Cathaoirleach an Choiste i láthair agus thug comhalta eile den choiste tuairisc ar an chruinniú

---

**Liam Ó Maolmhichíl**
**18 Nollaig 2009**

**Miontuairiscí ón 80ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 18 Nollaig 2009 i gCultúrlann Uí Chanáin, Doire.**

| | |
|---|---|
| **I láthair:** | E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, P. Ó Gallchóir, D. Ó Béarra, S. Breathnach, P. Ó Biadha, M. Nic Giolla Mhichíl agus Á. Andrews. |
| **Ag freastal:** | F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne. |
| **Leithscéal:** | L. Ó Maolmhichíl, L. Kennedy, C. Nic Pháidín, L. Bhreatnach, A. Nic Chárthaigh agus N. Henry. |

**01.80 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Bhí plé faoi na miontuairiscí den 20 Samhain agus aontaíodh go leasófaí an abairt 'seisiún iata' go 'seisiún gan an feidhmeannas'. Aontaíodh go leasófaí na miontuairiscí le léiriú nach raibh M. Nic Giolla Mhichíl sa seomra nuair a bhí iarratas ó Ionad na dTeangacha , Ollscoil na hÉireann agus ó Phreas Ultach á phlé.
Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Leas-Chathaoirleach iad.

Léadh amach litir a tháinig tráthnóna an 17 Nollaig ón RGPTG ag cur in iúl go gcaithfí caiteachas míosúil do 2010 a theorannú go 80% de phróifíl caiteachais 2010 go dtí go mbeadh buiséad 2010 comhaontaithe ag na Ranna Urraíochta.
Aontaíodh go mbeadh dréachtbhuiséad faoi bhráid ag an chruinniú i mí Eanáir agus go ndéanfaí é a phlé ag an am céanna leis an Dréachtphlean Gnó.

**02.80 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS**

D'ardaigh M. Nic Giolla Mhichíl ceist maidir leis an cháipéisíocht a bhain le Coiste na nDeontas a bheith faighte aici in ainneoin gur shíl sí go raibh coimhlint leasa aici. Cuireadh in iúl nach raibh ann ach leasuithe buiséid. Aontaíodh nótáil sna miontuairiscí gur 'leasuithe buiséid' a bhí i gceist agus nach raibh aon athrú ar na cinntí a bhí déanta ag an Bhord.

Ghlac an Bord leis na leasuithe buiséid a leanas:
Uimhir Thagartha: 0801418
Ainm an Eagrais: Breacadh faoi chúram Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
Ainm an Tionscadail: Scéim & Cleachtaí Foghraíochta

| An dara próifíl |
|---|
| 2010 - €11,000 |

Uimhir Thagartha: 0901620
Ainm an Eagrais: Iontaobhas na Gaelscolaíochta
Ainm an Tionscadail: Straitéis Bhailithe Airgid

| An dara próifíl |
|---|
| 2010 – £18,371stg |

Caiteachas ar an Fhoclóir Nua Béarla – Gaeilge.

| An dara próifíl |
|---|
| 2010 €19,400 |

Thug an Bord suntas don athrú buiséid ag Gaelscoileanna.
Uimhir Thagartha: 0801499
Ainm an Eagrais: Gaelscoileanna
Ainm an Tionscadail: Bunmhaoiniú 2009

| | Buiséad Ceadaithe 23/03/09 | Buiséad Ceadaithe (Príomhfheidhmeannach) 12/11/09 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 298,769.00 | 284,753.00 |
| Costais Reatha | 108,665.00 | 103,439.00 |
| Imeachtaí / Tionscadail | 84,125.00 | 81,249.00 |
| Iomlán | 491,559.00 | 469,441.00 |

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hathrú pleananna ó Chlár na Leabhar Gaeilge.

### 03.80 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ

Ghlac an Bord leis an mholadh leasaithe go dtairgeofaí conradh le deontas i gcabhair nach mó ná €1,600,000 do Thorann na dTonn Teoranta don tréimhse Márta 2010 go Feabhra 2014. Titeann moladh mhí na Samhna dá réir.
Ghlac an Bord leis an mholadh go dtairgeofaí deontas i gcabhair nach mó ná €210,000 d'Oideas Gael don tréimhse Eanáir 2010 go Nollaig 2012 chun an iris leictreonach www.beo.ie a fhoilsiú.

### 04.80 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh cruinniú den CATT ar 02 Nollaig. Ag an chruinniú tharla na nithe seo a leanas:
  - Níor faomhadh buiséad do 2009
  - Nótáladh Dréachtphlean Gnó 2010
  - Pléadh an cuíchóiriú agus leag na hAirí síos spriocdháta (lár na bliana 2010) le samhail nua maoinithe a ullmhú don earnáil bhunmhaoinithe.

Léiríodh imní go raibh mionsonraí i dtuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh nach raibh sa chomhráiteas a eisíodh i ndiaidh an chruinnithe. Chuir Cathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl go raibh próiseas tosaithe ag an Choiste maidir leis an chuíchóiriú agus gurbh fhearr leanúint leis agus moltaí a chur ar aghaidh chuig an CATT dá réir. Aontaíodh go gcuirfí litir chuig an Aire Ó Cuív chun imní an Bhoird a léiriú agus ag míniú go raibh i gceist ag an Bhord leanúint leis an phróiseas s'acu.

- Go raibh na hagallaimh ann don phost mar Leas-Phríomhfheidhmeannach /Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais ar 15 Nollaig agus gur cuireadh litreacha amach chuig na hiarrthóirí faoi ó shin.

Aontaíodh athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis a bhaineann le hearcaíocht agus tairiscintí. Aontaíodh go n-amharcfadh an Coiste Polasaí agus Pleanála ar cheist na hearcaíochta agus go n-amharcfadh an Coiste Iniúchta ar an cheist maidir le tairiscintí.

- Go raibh cruinniú ag an Chathaoirleach agus aige féin le hArdrúnaí agus Leas-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar 8 Nollaig.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

- Gur chuir an RGPTG in iúl go gcaithfeadh an Cathaoirleach barántas a thabhairt faoi rialachán corparáideach san eagraíocht faoi 18 Nollaig.

### 05.80 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010 – 2030

Aontaíodh go ndéanfaí an mhír seo a phlé ag an chruinniú i mí Eanáir.

### 06.80 TUAIRISC Ó CHOMHCHOISTE CHOLMCILLE

**D'fhág E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh É. Kinch sa chathaoir.**

Ghlac an Bord leis an chead tairmligthe maidir le hiarratas ar dheontais a bhí aontaithe ag an Chomhchoiste:

Cead Tairmligthe: €3,000 / £2,500Stg.
Le haontú ag an dá stiúrche
£2,500 - £8,000 / €3,000 – €10,000
Le haontú ag an Chomhchoiste
Caithfidh aon tsuim os a chionn sin dul chuig an dá Bhord.

Cuireadh in iúl go raibh deontas dar luach £49,900 ceadaithe ag an Heritage Lottery Fund (oifig Bhéal Feirste) le haghaidh Slí Cholmcille ar an choinnfoll go mbeadh maoiniú de £35,481 a chaitheamh ar an tionscadal ó fhoinse eile. Moladh don dá Bhord suim de £35,481 a chur go leataobh as buiséad Cholmcille chuige seo mura bhfaightear an tsuim sin ó fhoinse eile a léirigh suim cheana sa tionscnamh.

Moladh trealamh le haghaidh aistriúcháin comhuainigh a cheannach a bheadh ag teacht leis an trealamh atá ag Bòrd na Gàidhlig in Albain. Is é an costas don trealamh ná £5,750 móide CBL.

Moladh suim nach mó ná £20,000 a chaitheamh ar reáchtáil Glaschú na nGael más féidir leis na feidhmeannaigh dátaí foirsteanacha a aontú le Comhairle Cathrach Ghlaschú.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo, faisnéis a bhaineann sé le gnéithe ar leith de shocruithe baincéireachta Fhoras na Gaeilge, mar gheall ar bhaol calaoise.

Ghlac an Bord leis na moltaí seo.

| Iarrthóir | Méid iarrtha | Méid molta |
|---|---|---|
| Oideas Gael le Féile Cholmcille a reáchtáil | €5,500 | **€4,500** |
| | | |
| Glór na nGael le scannáil a dhéanamh ar liosta focal i nGaeilge agus i nGàidhlig le gur féidir liostaí ábhartha a chur le chéile le haghaidh imeachtaí Cholmcille | €5,000 | **€5,000** |

| Iarrthóir | Méid iarrtha | Méid molta |
|---|---|---|
| Glór na nGael le leabhar rannta do pháistí, Yanki Dúidil, a aistriú go Gàidhlig | €5,000 | €0 |

Féile filíochta Bhéal Átha na mBuillí **Urraíocht de €7,000**

Moladh go ndéanfadh Stillwater Communications roinnt oibre leis an oifigeach i mBéal Feirste le pácáiste treoraithe poiblíochta agus cumarsáide a ullmhú.

Ghlac an Bord leis na moltaí seo.

**D'fhill E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo agus chuaigh E. Mac Cormaic ar ais sa chathaoir.**

## 07.80 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 SAMHAIN 2009 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2009

Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí deireadh na bliana. Ardaíodh ceist faoi aistriú leictreonach airgid a bheith in áit seachas seiceanna.

## 08.80 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS

Aontaíodh go gcuirfí leabhar le liosta stiúrthóirí ar chomhlachtaí / eagrais a chuireann isteach ar dheontais le chéile.

## 09.80 CONRADH LE HAGHAIDH TACAÍOCHT THEICNIÚIL AGUS SEIRBHÍSÍ COTHABHÁLA A SHOLÁTHAR

Ghlac an Bord leis an mholadh chun conradh trí bliana a thairiscint do Optinet don tréimhse 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2012.

## 10.80 COMHFHREAGRAS

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras.
Aontaíodh go nglacfadh an Príomhfheidhmeannach páirt i dTóstal na Gaeilge 2010 i nGaillimh.

## 11.80 FÉILIRE 2010

Ghlac an Bord leis na dátaí le haghaidh cruinnithe Boird ar an Aoine ach aontaíodh go ndéanfaí na cruinnithe a bhí beartaithe don Déardaoin a phlé arís. **(Aguisín 2)**
Aontaíodh uasdátú rialta a dhéanamh ar na míreanna oibre.

**12.80 TUAIRISC OIBRE**
Thug an Bord suntas don tuairisc oibre.

**13.80 CLÁR RIOSCA FHORAS NA GAEILGE**
Cuireadh in iúl go raibh múnla nua den chlár riosca curtha ar fáil ag an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ach nach raibh aon mhúnla nua aontaithe le haghaidh na gComhlacht forfheidhmithe go fóill ag an dá dhlínse. Chuir comhalta amháin míshásamh in iúl maidir le síniú na gcuntas comhdhlúite agus an dóigh nár cuireadh an leagan comhdhlúite faoi bhráid an Bhord an Fhoras Teanga. Míníodh go raibh cuntais an dá eagraíocht ar leith faofa ag an dá Bhord cheana.
Aontaíodh go raibh riosca nua le cur ar an chlár riosca maidir le cead a bheith ann na cuntais chomhdhlúite amháin a fhoilsiú agus gan cead a bheith ann cuntais Fhoras na Gaeilge a fhoilsiú nuair a bhíonn siad réidh.

**14.80 AON GHNÓ EILE**
Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

**15.80 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA**
Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc ar an chruinniú den Choiste Iniúchta a tharla ar 10 Nollaig don Bhord.
Aontaíodh go scaipfí Tuairisc an Iniúchóra Inmheánaigh ar an Bhord mar eolas.
Cuireadh in iúl gur scríobh Cathaoirleach an Choiste Iniúchta chuig an CATT maidir leis an athbhreithniú ar an mheamram airgeadais agus gur cuireadh in iúl nach raibh téarmaí tagartha ar fáil fós.
Cuireadh in iúl go raibh an tIniúchóir Inmheánach ag éirí as 31 Nollaig 2009 ach go raibh sé sásta feidhmiú san idirthréimhse go dtí go mbeadh Iniúchóir Inmheánach nua ceaptha.

**Liam Ó Maolmhichíl**
**Cathaoirleach**
**29 Eanáir 2010**

**Aguisín 1**

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo, faisnéis a bhaineann sé le gnéithe ar leith de shocruithe baincéireachta Fhoras na Gaeilge, mar gheall ar bhaol calaoise.

**Aguisín 2**

## Moladh maidir le dátaí le haghaidh cruinnithe Boird i 2010

| Dáta | Ionad |
|---|---|
| Dé hAoine, 29 Eanáir | Baile Átha Cliath |
| Dé hAoine, 19 Feabhra | Béal Feirste |
| Dé hAoine, 19 Márta | Baile Átha Cliath |
| Déardaoin, 22 nó 29 Aibreán | Baile Átha Cliath |
| Dé hAoine, 21 Bealtaine | Béal Feirste |
| Déardaoin, 24 Meitheamh | Baile Átha Cliath |
| Dé hAoine, 30 Iúil | Béal Feirste |
| Dé hAoine, 24 Meán Fómhair | Baile Átha Cliath |
| Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair | Béal Feirste |
| Dé hAoine, 19 Samhain | Baile Átha Cliath |
| Dé hAoine, 17 Nollaig | Béal Feirste |